Uimhir 20 *de* 2011

AN tACHT COMHSHAOIL (FORÁLACHA ILGHNÉITHEACHA), 2011

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal, comhlua, forléiriú agus tosach feidhme.

2. Mínithe.

CUID 2

COSTAIS IMEACHTAÍ ÁIRITHE LE HÍOC AG GACH PÁIRTÍ IN IMTHOSCA ÁIRITHE

3. Costais imeachtaí áirithe le híoc ag gach páirtí in imthosca áirithe.

4. Imeachtaí sibhialta maidir le ceadúnais áirithe, etc.

5. Imeachtaí maidir le Rialacháin Fhaisnéise.

6. Imeachtaí breise a bhfuil feidhm ag *alt 3* maidir leo.

7. Iarratas chun na cúirte ar chinneadh go bhfuil feidhm ag *alt 3* maidir le himeachtaí.

8. Aird bhreithiúnach le tabhairt ar an gCoinbhinsiún.

CUID 3

LEASÚ AR ACHT 1987

9. Leasú ar alt 12 d'Acht 1987.

10. Fógra um íocaíocht sheasta.

11. Leasú ar alt 14 d'Acht 1987.

CUID 4

Leasú ar Acht 1996

12. Leasú ar alt 72 d'Acht 1996.

13. Leasú ar alt 73 d'Acht 1996.

14. Leasú ar alt 74 d'Acht 1996.

CUID 5

Leasú ar an Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000

15. Mínithe.

16. Leasú ar alt 2 d'Acht 2000.

17. Leasú ar alt 4 d'Acht 2000.

18. Leasú ar alt 13 d'Acht 2000.

19. Leasú ar alt 30 d'Acht 2000.

20. Leasú ar alt 50A d'Acht 2000.

21. Leasú ar alt 50B d'Acht 2000.

22. Leasú ar alt 57 d'Acht 2000.

23. Leasú ar alt 82 d'Acht 2000.

24. Leasú ar alt 87 d'Acht 2000.

25. Leasú ar alt 130 d'Acht 2000.

26. Leasú ar alt 135 d'Acht 2000.

27. Leasú ar alt 153 d'Acht 2000.

28. Leasú ar alt 157 d'Acht 2000.

29. Leasú ar alt 160 d'Acht 2000.

30. Leasú ar alt 170 d'Acht 2000.

31. Leasú ar alt 177R d'Acht 2000.

32. Láithreán Eorpach nach ionad do ghnáthóg nó speiceas tosaíochta agus dréachtphlean úsáide Talún.

33. Láithreán Eorpach is ionad do ghnáthóg nó speiceas tosaíochta agus dréachtphlean úsáide Talún.

34. Leasú ar alt 177Z d'Acht 2000.

35. Láithreán Eorpach nach ionad do ghnáthóg nó speiceas tosaíochta.

36. Láithreán Eorpach is ionad do ghnáthóg nó speiceas tosaíochta.

37. Leasú ar alt 181A d'Acht 2000.

38. Leasú ar alt 181B d'Acht 2000.

39. Leasú ar alt 182A d'Acht 2000.

40. Leasú ar alt 182C d'Acht 2000.

41. Leasú ar an Seachtú Sceideal a ghabhann le hAcht 2000.

42. Aisghairm

CUID 6

ILGHNÉITHEACH

43. Leasú ar an Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997.

44. Leasú ar an Acht Rialtais Áitiúil, 1998.

45. Leasú ar alt 70 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992.

46. Aisghairm.

47. Cosaint agus forálacha idirthréimhseacha.

48. Logainmneacha

49. Leasú ar alt 32 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.

NA HACHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

An tAcht um Thruailliú Aeir, 1987	1987, Uimh. 6
An tAcht um Dhumpáil ar Farraige, 1996	1996, Uimh. 14
An tAcht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992	1992, Uimh. 7
Acht na gComhphobal Eorpach, 1972	1972, Uimh. 27
An tAcht Imeall Trágha, 1933	1933, Uimh. 12
An tAcht Foraoiseachta, 1946	1946, Uimh. 13
An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997	1997, Uimh. 13
An tAcht Gáis, 1976	1976, Uimh. 30
An tAcht Rialtais Áitiúil, 1998	1998, Uimh. 16
An tAcht Rialtais Áitiúil, 2001	2001, Uimh. 37
An tAcht Rialtais Áitiúil (Ceantair Feabhsúcháin Gnó), 2006	2006, Uimh. 42
An tAcht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977	1977, Uimh. 1
An tAcht Forbairte Minearál, 1940	1940, Uimh. 31
An tAcht um Mianaigh agus Cairéil, 1965	1965, Uimh. 7
An tAcht fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais, 2009	2009, Uimh. 15
Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003	2003, Uimh. 32
Acht um Fhorbairt Pheitriliaim agus Mianraí Eile, 1960	1960, Uimh. 7
An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000	2000, Uimh. 30
An tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), 2010	2010, Uimh. 30
An tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Bonneagar Straitéiseach), 2006	2006, Uimh. 27
Na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2010	
An tAcht um Chosaint Raideolaíoch, 1991	1991, Uimh. 9
Acht na mBóithre, 1993	1993, Uimh. 14
An tAcht Iompair (Bonneagar Iarnróid), 2001	2001, Uimh. 55
An tAcht um Bainistiú Dramhaíola, 1996	1996, Uimh. 10
Na hAchtanna um Bainistiú Dramhaíola, 1996 go 2003	
An tAcht um Sheirbhísí Uisce, 2007	2007, Uimh. 30
An tAcht um Fhiadhúlra, 1976	1976, Uimh. 39

Uimhir 20 *de* 2011

AN tACHT COMHSHAOIL (FORÁLACHA ILGHNÉITHEACHA), 2011

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO LEASÚ AGUS DO LEATHNÚ AN ACHTA UM THRUAILLIÚ AEIR, 1987; AN ACHTA FÁN nGNÍOMHAIREACHT UM CHAOMHNÚ COMHSHAOIL, 1992; AN ACHTA UM BAINISTIÚ DRAMHAÍOLA, 1996; AGUS AN ACHTA UM SHAORÁIL FAISNÉISE, 1997; DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE COSTAIS IMEACHTAÍ ÁIRITHE; DO THABHAIRT ÉIFEACHTA d'AIRTEAGAIL ÁIRITHE DEN CHOINBHINSIÚN MAIDIR LE ROCHTAIN AR FHAISNÉIS, RANNPHÁIRTEACHAS AN PHOBAIL LE LINN CINNTÍ A DHÉANAMH AGUS ROCHTAIN AR CHEARTAS I gCÚRSAÍ COMHSHAOIL ARNA DHÉANAMH IN AARHUS, AN DANMHAIRG AN 25 MEITHEAMH 1998 AGUS MAIDIR LE hAIRD BHREITHIÚNACH A THABHAIRT AR AN gCOINBHINSIÚN; DO LEASÚ AN ACHTA UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2000; AN ACHTA RIALTAIS ÁITIÚIL, 1998; AN ACHTA RIALTAIS ÁITIÚIL, 2001 AGUS ACHT NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA, 2003; AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE GAOLMHARA.

[2 *Lúnasa* 2011]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

CUID 1

Réamhráiteach agus Ginearálta

Gearrtheideal, comhlua, forléiriú agus tosach feidhme.

1.—(1) Féadfar an tAcht Comhshaoil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2011 a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar na hAchtanna um Thruailliú Aeir, 1987 agus 2011 a ghairm den Acht um Thruailliú Aeir, 1987 agus de *Chuid 3* le chéile agus léifear le chéile iad mar aon ní amháin.

(3) Féadfar na hAchtanna um Bainistiú Dramhaíola, 1996 go 2011 a ghairm de na hAchtanna um Bainistiú Dramhaíola, 1996 go 2003 agus de *Chuid 4* le chéile agus léifear le chéile iad mar aon ní amháin.

(4) Féadfar na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2011 a ghairm de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go

2010 agus de *Chuid 5* le chéile agus léifear le chéile iad mar aon ní amháin.

(5) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríche nó forála áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

Mínithe.

2.—San Acht seo—

ciallaíonn "Acht 1987" an tAcht um Thruailliú Aeir, 1987;

ciallaíonn "Acht 1996" an tAcht um Bainistiú Dramhaíola, 1996.

CUID 2

Costais Imeachtaí Áirithe le hÍoc ag Gach Páirtí in Imthosca Áirithe

Costais imeachtaí áirithe le híoc ag gach páirtí in imthosca áirithe.

3.—(1) D'ainneoin aon ní in achtachán ar bith eile nó iontu seo a leanas—

(*a*) Ordú 99 de Rialacha na nUaschúirteanna (I.R. Uimh. 15 de 1986),

(*b*) Ordú 66 de na Rialacha Cúirte Cuarda (I.R. Uimh. 510 de 2001), nó

(*c*) Ordú 51 de na Rialacha Cúirte Dúiche (I.R. Uimh. 93 de 1997),

agus, faoi réir *fho-ailt (2)*, *(3)* agus *(4)*, in imeachtaí lena mbaineann an t-alt seo, íocfaidh gach páirtí (lena n-áirítear aon fhógra-pháirtí) a chostais féin.

(2) Féadfar costais na n-imeachtaí, nó cion de na costais sin, de réir mar is cuí, a dhámhachtain don iarratasóir nó, de réir mar a bheidh, don ghearánaí, a mhéid a éiríonn leis nó léi faoiseamh a fháil, agus is é nó is í an freagróir nó, de réir mar a bheidh, an cosantóir nó aon fhógra-pháirtí, a íocfaidh aon chostais de na costais sin, a mhéid a bhain gníomhartha nó neamhghníomhartha an fhreagróra nó, de réir mar a bheidh, gníomhartha nó neamhghníomhartha an chosantóra nó aon fhógra-pháirtí leis an iarratasóir nó, de réir mar a bheidh, leis an ngearánaí, faoiseamh a fháil.

(3) Féadfaidh cúirt costais a dhámhachtain i gcoinne páirtí in imeachtaí a bhfuil feidhm ag an alt seo maidir leo, más cuí leis an gcúirt déanamh amhlaidh—

(*a*) i gcás go measann an chúirt gur éileamh nó frithéileamh suaibhreosach nó cráiteach éileamh nó frithéileamh ón bpáirtí,

(*b*) mar gheall ar an tslí ar sheol an páirtí na himeachtaí, nó

(*c*) i gcás díspeagadh cúirte a bheith déanta ag an bpáirtí.

(4) Ní dhéanfaidh *fo-alt (1)* difear do theideal na cúirte costais a dhámhachtain i bhfabhar páirtí maidir le ní a ngabhann tábhacht eisceachtúil phoiblí leis, agus i gcás go bhfuil sé ar mhaithe leis an gceartas déanamh amhlaidh in imthosca speisialta an cháis.

(5) San alt seo, forléireofar tagairt do "cúirt", i ndáil le himeachtaí áirithe lena mbaineann an t-alt seo, mar thagairt don Chúirt Dúiche, don Chúirt Chuarda, don Ard-Chúirt nó don Chúirt Uachtarach, de réir mar is cuí.

Imeachtaí sibhialta maidir le ceadúnais áirithe, etc.

4.—(1) Tá feidhm ag *alt 3* maidir le himeachtaí sibhialta, seachas imeachtaí dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)*, arna dtionscnamh ag duine—

(*a*) chun a chinntiú go ndéanfar ceanglas reachtúil nó coinníoll nó ceanglas eile atá ag gabháil le ceadúnas, ceadúchán, cead, léas nó toiliú arna shonrú i *bhfo-alt (4)*, a chomhlíonadh nó a fhorfheidhmiú, nó

(*b*) i leith an ceadúnas, an ceadúchán, an cead, an léas nó an toiliú sin a shárú, nó i leith mainneachtana an céanna a chomhlíonadh,

agus i gcás, maidir leis an mainneachtain a chinntiú go ndéanfar an ceanglas reachtúil sin, an coinníoll sin, nó an ceanglas eile sin dá dtagraítear i *mír (a)* a chomhlíonadh nó a fhorfheidhmiú amhlaidh, nó leis an sárú sin nó leis an mainneachtain sin i gcomhlíonadh dá dtagraítear i *mír (b)*, gur chúis, nó gur cúis, í nó é, nó gur dócha í nó é a bheith ina cúis nó ina chúis, le damáiste a dhéanamh don chomhshaol.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, folaíonn damáiste a dhéanamh don chomhshaol damáiste a dhéanamh do na nithe seo a leanas go léir nó do chuid díobh:

(*a*) an t-aer agus an t-atmaisféar;

(*b*) an t-uisce, lena n-áirítear limistéir chósta agus mhara;

(*c*) an ithir;

(*d*) an talamh;

(*e*) tírdhreacha agus láithreáin dúlra;

(*f*) an bhithéagsúlacht, lena n-áirítear aon chomhchuid den éagsúlacht sin, agus orgánaigh ghéinmhodhnaithe;

(*g*) sláinte agus sábháilteacht daoine agus dálaí beatha daoine;

(*h*) láithreáin chultúir agus an comhshaol foirgnithe;

(*i*) an t-imoibriú idir na nithe go léir a shonraítear i *míreanna (a)* go *(h)*, nó idir cuid díobh.

(3) Ní bheidh feidhm ag *alt 3*—

(*a*) maidir le himeachtaí, ná le haon chuid d'imeachtaí, dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, a bhfuiltear ag lorg damáistí astu, de dhroim damáiste a dhéanamh do dhaoine nó do mhaoin, ná

(*b*) maidir le himeachtaí ar comhlacht reachtúil nó Aire den Rialtas a thionscnóidh iad.

(4) Chun críocha *fho-alt (1)*, tá feidhm ag an alt seo maidir leis na nithe seo a leanas—

(*a*) ceadúnas, nó ceadúnas athleasaithe, arna dheonú faoi alt 83 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992,

(*b*) ceadúnas arna dheonú de bhun alt 32 d'Acht 1987,

(*c*) ceadúnas arna dheonú faoi alt 4 nó 16 den Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977,

(*d*) ceadúnas arna dheonú faoi alt 63, nó ceadúnas seirbhísí uisce arna dheonú faoi alt 81, den Acht um Sheirbhísí Uisce, 2007,

(*e*) ceadúchán bailithe dramhaíola arna dheonú de bhun alt 34, nó ceadúnas dramhaíola arna dheonú de bhun alt 40, d'Acht 1996,

(*f*) ceadúnas arna dheonú de bhun alt 23(6), 26 nó 29 den Acht um Fhiadhúlra, 1976,

(*g*) ceadúchán arna dheonú de bhun alt 5 den Acht um Dhumpáil ar Farraige, 1996,

(*h*) ceadúnas arna dheonú faoi alt 40, nó ceadúnas leagain ginearálta arna dheonú faoi alt 49 den Acht Foraoiseachta, 1946,

(*i*) ceadúnas arna dheonú de bhun alt 30 den Acht um Chosaint Raideolaíoch, 1991,

(*j*) léas arna dhéanamh faoi alt 2, nó ceadúnas arna dheonú faoi alt 3 den Acht Imeall Trágha, 1933,

(*k*) ceadúnas lorgaireachta arna dheonú faoi alt 8, ceadúnas mianraí Stát-tógtha arna dheonú faoi alt 22 nó ceadúnas fo-cheart arna dheonú faoi alt 40, den Acht Forbairte Minearál, 1940,

(*l*) ceadúnas taiscéalaíochta arna dheonú faoi alt 8, ceadúnas lorgaireachta peitriliam arna dheonú faoi alt 9, ceadúnas limistéir fhorchoimeádta arna dheonú faoi alt 19, nó ceadúchán saoráidí oibre arna dheonú faoi alt 26, den Acht um Fhorbairt Pheitriliaim agus Mianraí eile, 1960,

(*m*) toiliú de bhun alt 40 den Acht Gáis, 1976,

(*n*) cead nó ceadú arna dheonú de bhun an Achta um Pleanáil agus Forbairt, 2000.

(5) San alt seo—

folaíonn "damáiste", i ndáil leis an gcomhshaol, aon mhórdhochar a dhéanfaí d'aon ní arna shonrú i *míreanna* (*a*) go (*i*) *d'fho-alt (2)*;

ciallaíonn "comhlacht reachtúil" aon cheann díobh seo a leanas:

(*a*) comhlacht arna bhunú le reacht nó faoi reacht;

(*b*) comhairle contae de réir bhrí an Achta Rialtais Áitiúil, 2001;

(*c*) comhairle cathrach de réir bhrí an Achta Rialtais Áitiúil, 2011.

(6) San alt seo, tagairt do cheadúnas, do cheadúnas athleasaithe, do cheadúchán, do chead, do cheadú, do léas nó do thoiliú, is tagairt í do cheadúnas, do cheadúchán, do léas nó do thoiliú den sórt sin agus d'aon choinníollacha nó ceanglais eile a bheidh ag gabháil leis agus d'aon athnuachan nó athleasú ar cheadúnas, ar cheadúchán, ar chead, ar cheadú, ar léas nó ar thoiliú den sórt sin.

Imeachtaí maidir le Rialacháin Fhaisnéise.

5.—(1) Tá feidhm ag *alt 3* maidir le himeachtaí sibhialta, seachas imeachtaí dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)*, arna dtionscnamh ag duine maidir le hiarraidh dá dtagraítear i Rialachán 6 de na Rialacháin Fhaisnéise.

(2) Ní bheidh feidhm ag *alt 3* maidir le himeachtaí arna dtionscnamh ag an gCoimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil nó ag údarás poiblí de bhun na Rialachán Faisnéise.

(3) San alt seo—

ciallaíonn "Rialacháin Fhaisnéise", Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol), 2007 (I.R. Uimh. 133 de 2007);

tá le "údarás poiblí" an bhrí a shanntar dó leis na Rialacháin Fhaisnéise.

Imeachtaí breise a bhfuil feidhm ag *alt 3* maidir leo.

6.—Tá feidhm ag *alt 3* maidir leis na nithe seo a leanas—

(*a*) imeachtaí san Ard-Chúirt ar mhodh athbhreithnithe bhreithiúnaigh nó ar mhodh cead a lorg chun iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú breithiúnach ar imeachtaí dá dtagraítear in *alt 4* nó *5*,

(*b*) achomharc (lena n-áirítear achomharc ar mhodh cáis shonraithe) ón gCúirt Dúiche, ón gCúirt Chuarda nó ón Ard-Chúirt in aon imeachtaí dá dtagraítear in *alt 4* nó *5* nó i *mír (a)*, agus

(*c*) imeachtaí i leith faoisimh eatramhaigh nó idirbhreithigh i ndáil le haon imeachtaí dá dtagraítear in *alt 4* nó *5* nó i *mír (a).*

Iarratas chun na cúirte ar chinneadh go bhfuil feidhm ag *alt 3* maidir le himeachtaí.

7.—(1) Féadfaidh páirtí in imeachtaí lena mbaineann *alt 3*, aon tráth roimh na himeachtaí, nó i gcúrsa na n-imeachtaí, iarratas a dhéanamh chun na cúirte ar chinneadh go bhfuil feidhm ag *alt 3* maidir leis na himeachtaí sin.

(2) I gcás go ndéantar iarratas faoi *fho-alt (1)*, féadfaidh an chúirt cinneadh a dhéanamh go bhfuil feidhm ag *alt 3* maidir leis na himeachtaí sin.

(3) Gan dochar *d'fho-alt (1)*, féadfaidh na páirtithe in imeachtaí dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, aon tráth, a chomhaontú go bhfuil feidhm ag *alt 3* maidir leis na himeachtaí sin.

(4) Sula dtionscnófar imeachtaí dá dtagraítear in *alt 3*, féadfaidh na daoine ar pháirtithe sna himeachtaí sin iad dá ndéanfaí na himeachtaí sin a thionscnamh, roimh na himeachtaí sin a thionscnamh agus gan dochar *d'fho-alt (1)*, a chomhaontú go bhfuil feidhm ag *alt 3* maidir leis na himeachtaí sin.

(5) Is trí fhoriarratas iar bhfógra chuig na páirtithe lena mbaineann a dhéanfar iarratas faoi *fho-alt (1).*

Aird bhreithiúnach le tabhairt ar an gCoinbhinsiún.

8.—Tabharfar aird bhreithiúnach ar an gCoinbhinsiún ar Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirteachas an Phobail le linn Cinntí a Dhéanamh agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil arna dhéanamh in Aarhus, an Danmhairg, an 25 Meitheamh 1998.

CUID 3

Leasú ar Acht 1987

Leasú ar alt 12 d'Acht 1987.

9.—Leasaítear alt 12(1) d'Acht 1987—

(*a*) i mír (*a*)—

(i) trí "fíneáil d'Aicme A" a chur in ionad "£1,000" sa dá áit a bhfuil sé,

(ii) trí "fíneáil d'Aicme E" a chur in ionad "£100", agus

(iii) trí "méid is comhionann le £5,000" a chur in ionad "méid is comhionann le £1,000".

agus

(*b*) i mír (*b*)—

(i) trí "€500,000" a chur in ionad "£10,000", agus

(ii) trí "€5,000" a chur in ionad "£1,000".

Fógra um íocaíocht sheasta.

10.—Leasaítear Acht 1987 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 12:

"12A.—(1) I gcás go bhfuil forais réasúnacha ag duine údaraithe chun a chreidiúint go ndearna duine cion iomchuí agus go ndlitear é nó í a ionchúiseamh go hachomair ina leith, féadfaidh an duine údaraithe fógra (dá ngairtear 'fógra um íocaíocht sheasta' san Acht seo) i scríbhinn agus san fhoirm fhorordaithe a thabhairt don duine á rá—

(*a*) go líomhnaítear go ndearna an duine an cion sin,

(*b*) go bhféadfaidh an duine, le linn na tréimhse 21 lá dar tosach dáta an fhógra, íocaíocht den mhéid a shonraítear i bhfo-alt (4) i leith an chiona sin, agus an fógra ina teannta, a dhéanamh leis an údarás áitiúil lena mbaineann ag an seoladh a shonrófar san fhógra,

(*c*) nach bhfuil d'oibleagáid ar an duine an íocaíocht a shonrófar san fhógra a dhéanamh, agus

(*d*) nach dtionscnófar ionchúiseamh ar an duine dá dtabharfar an fógra i leith an chiona iomchuí lena mbaineann le linn na tréimhse 21 lá dar tosach dáta an fhógra agus, má dhéantar an íocaíocht a shonrófar san fhógra le linn na tréimhse sin, nach dtionscnófar aon ionchúiseamh i leith an chiona sin.

(2) I gcás go dtabharfar fógra um íocaíocht sheasta—

(*a*) féadfaidh an duine lena mbaineann sé, le linn na tréimhse 21 lá dar tosach dáta an fhógra, an íocaíocht a shonrófar san fhógra a dhéanamh, agus an fógra ina teannta, leis an údarás áitiúil lena mbaineann ag an seoladh a shonrófar san fhógra,

(*b*) déanfaidh an t-údarás áitiúil lena mbaineann an íocaíocht a ghlacadh agus, ar an íocaíocht a ghlacadh, admháil uirthi a eisiúint agus ní bheidh aon íocaíocht a ghlacfar amhlaidh inghnóthaithe ag an duine a rinne í agus coinneoidh an t-údarás áitiúil an t-airgead lena dhiúscairt de réir fho-alt (5), agus

(*c*) ní thionscnófar ionchúiseamh i leith an chiona líomhnaithe sa tréimhse a shonrófar san fhógra agus, má dhéantar an íocaíocht a shonrófar amhlaidh le linn na tréimhse sin, ní thionscnófar aon ionchúiseamh i leith an chiona líomhnaithe.

(3) In imeachtaí achoimre mar gheall ar chion iomchuí, is cosaint é don chosantóir a chruthú go ndearna sé nó sí íocaíocht, de réir an ailt seo, de bhun fógra um íocaíocht sheasta arna eisiúint i leith an chiona sin.

(4) Is é an méid atá le sonrú i bhfógra um íocaíocht sheasta i leith ciona iomchuí—

(*a*) €1,000, i gcás gurb é atá sa chion iomchuí sárú ar airteagal 3(1) nó rialachán 3A de na Rialacháin um Breosla,

(*b*) €500, i gcás gurb é atá sa chion iomchuí sárú ar airteagal 3(2), rialachán 4A(1), 4B(1), 4C(1), 4C(2), airteagal 4 nó 6 de na Rialacháin um Breosla, nó

(*c*) €250, i gcás gurb é atá sa chion iomchuí sárú ar rialachán 4A(2) nó airteagal 7 de na Rialacháin um Breosla.

(5) Aon airgead a gheobhaidh údarás áitiúil de bhun fógra um íocaíocht sheasta a thabhairt, déanfar é a thaisceadh chun creidmheasa an chiste áitiúil arna chothabháil ag an údarás áitiúil lena mbaineann de bhun, agus de réir, alt 97 (arna leasú

leis an Acht Rialtais Áitiúil (Ceantair Feabhsúcháin Gnó), 2006) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 agus arna chaitheamh de réir an ailt sin.

(6) San alt seo—

ciallaíonn 'Rialacháin um Breosla' na Rialacháin fán Acht um Thruailliú Aeir, 1987 (Breoslaí a Mhargú, a Dhíol agus a Dháileadh), 1998 (I.R. Uimh. 118 de 1998) (arna leasú leis na Rialacháin fán Acht um Thruailliú Aeir, 1987 (Breoslaí a Mhargú, a Dhíol agus a Dháileadh) (Leasú), 2011 (I.R. Uimh. 270 de 2011));

ciallaíonn 'cion iomchuí' cion faoi alt 11 arb é atá ann sárú ar airteagal 3(1), 3(2), rialachán 3A, airteagal 4, rialachán 4A(1), 4A(2), 4B(1), 4C(1), 4C(2), airteagal 6 nó 7 de na Rialacháin um Breosla.".

Leasú ar alt 14 d'Acht 1987.

11.—Leasaítear alt 14 d'Acht 1987—

(*a*) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5):

"(5A) I gcás go bhfuil forais réasúnacha ag duine údaraithe chun bheith imníoch go gcuirfear aon mhórbhac ar chomhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna nó gur dóigh leis nó léi thairis sin gur gá é, féadfaidh comhalta den Gharda Síochána a bheith ina theannta nó ina teannta le linn dó nó di aon fheidhmeanna a thugtar dó nó di faoin Acht seo, nó le haon rialacháin arna ndéanamh faoi, a chomhlíonadh.",

agus

(*b*) i bhfo-alt (6), trí "faoi fho-alt (6A)" a chur isteach i ndiaidh "ar bharántas",

(*c*) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (6):

"(6A) Gan dochar do na cumhachtaí a thugtar do dhuine údaraithe le haon fhoráil eile nó faoi aon fhoráil eile den alt seo, más deimhin le breitheamh den Chúirt Dúiche trí fhaisnéis faoi mhionn ó dhuine údaraithe go bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint go bhfuil fianaise ann gur sáraíodh an tAcht seo nó rialacháin arna ndéanamh faoi nó gur dócha go nochtfar an céanna leis an dul isteach sin, féadfaidh an breitheamh barántas a eisiúint lena n-údaraítear do dhuine údaraithe, agus cibé daoine údaraithe eile nó cibé comhalta nó comhaltaí den Gharda Síochána ina theannta nó ina teannta is gá, dul isteach san áit, trí fhorneart réasúnach a úsáid más gá, aon tráth nó tráthanna laistigh de mhí amháin ó dháta eisiúna an bharántais, ar an mbarántas a thabhairt ar aird má iarrtar sin air nó uirthi, agus na feidhmeanna a thugtar do dhuine údaraithe, faoin Acht seo nó faoi aon rialacháin arna ndéanamh faoi, a chomhlíonadh.".

CUID 4

LEASÚ AR ACHT 1996

Leasú ar alt 72 d'Acht 1996.

12.—Leasaítear alt 72 d'Acht 1996—

(*a*) trí na fo-ailt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

"(3) Sonrófar méid an tobhaigh sna rialacháin faoi fho-alt (2) ach ní mó é ná 70 cent ar gach mála plaisteach a sholáthrófar do chustaiméir.

(3A) Féadfaidh an tAire, faoi réir fho-ailt (3) agus (3B), méid an tobhaigh a shonrófar i rialacháin faoi fho-alt (2) a leasú chun na nithe seo a leanas a chur chun cinn—

(*a*) giniúint dramhaíola a chosc, agus

(*b*) an úsáid a bhaintear as málaí plaisteacha a laghdú,

uair amháin, agus gan ach uair amháin, i ngach bliain airgeadais dar tosach an bhliain airgeadais i ndiaidh na bliana airgeadais ina ritear an *tAcht Comhshaoil (Forálacha Ilghnéitheacha)*, *2011*.

(3B) An méid a bhféadfar méid an tobhaigh arna shonrú i rialacháin faoi fho-alt (2) a leasú chuige, déanfar é a fháil, faoi réir fho-alt (3C), trí mhéid an tobhaigh arna shonrú de thuras na huaire i rialacháin arna ndéanamh faoi fho-alt (2) a iolrú faoin bhfigiúr a shonraítear i bhfo-alt (3D) agus, más rud é—

(*a*) nach slánuimhir cent an méid a gheofar amhlaidh, agus

(*b*) gur cuí leis an Aire déanamh amhlaidh agus má shonraíonn sé nó sí sna rialacháin gur cothromaíodh an méid amhlaidh,

déanfar an méid a chothromú (suas nó síos de réir mar is cuí leis nó léi) go dtí an tslánuimhir cent is gaire.

(3C) Féadfaidh an tAire, i gcás go measfaidh sé nó sí gur cuí é chun na gcríoch dá dtagraítear i bhfo-alt (3A), figiúr nach mó ná 10 faoin gcéad de mhéid an tobhaigh arna shonrú i rialacháin faoi fho-alt (2) a chur leis an méid a gheofar de réir fho-alt (3B) agus, más rud é—

(*a*) nach slánuimhir cent an méid a gheofar amhlaidh, agus

(*b*) gur cuí leis an Aire déanamh amhlaidh agus má shonraíonn sé nó sí sna rialacháin gur cothromaíodh an méid amhlaidh,

an méid a chothromú (suas nó síos de réir mar is cuí leis nó léi) go dtí an tslánuimhir cent is gaire.

(3D) Is é an figiúr a luaitear i bhfo-alt (3B) an chomhrann, arna cothromú suas go dtí 3 ionad dheachúla, arna fáil tríd an treoiruimhir praghsanna do thomhaltóirí is iomchuí maidir leis an mbliain airgeadais ina ndéantar na rialacháin lena leasaítear an tobhach a roinnt ar an treoiruimhir praghsanna do thomhaltóirí is iomchuí maidir leis an mbliain airgeadais dheireanach ina ndearnadh na rialacháin lenar leasaíodh an tobhach.",

(*b*) trí fho-alt (4E) a scriosadh,

(*c*) trí fho-ailt (7) agus (8) a scriosadh, agus

(*d*) i bhfo-alt (12)(*a*)(ii), trí chlásal (II) a scriosadh.

Leasú ar alt 73 d'Acht 1996.

13.—Leasaítear alt 73 d'Acht 1996—

(*a*) i bhfo-alt (1), trí "le cibé Aire eile den Rialtas, más ann, is cuí leis an Aire" a chur in ionad "le haon Aire den Rialtas lena mbaineann",

(*b*) i bhfo-alt (1)(*a*), trí "mír D1 nó D5 den Tríú Sceideal" a chur in ionad "mír 1 nó 5 den Tríú Sceideal",

(*c*) i bhfo-alt (1)(*b*), trí "mír D1 nó D5 den Tríú Sceideal" a chur in ionad "mír 1 nó 5 den Tríú Sceideal",

(*d*) trí na fo-ailt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

"(3) Sonrófar méid an tobhaigh sna rialacháin faoi fho-alt (1) ach ní mó é ná €120 ar gach tonna dramhaíola a dhiúscrófar.

(3A) Féadfaidh an tAire, faoi réir fho-ailt (3) agus (3B), méid an tobhaigh arna shonrú i rialacháin faoi fho-alt (1) a leasú chun na nithe seo a leanas a chur chun cinn—

(*a*) giniúint dramhaíola a chosc, agus

(*b*) laghdú a dhéanamh ar an gcainníocht dramhaíola a dhiúscraítear trí ghníomhaíocht dá dtagraítear i bhfo-alt (1),

uair amháin, agus gan ach uair amháin, i ngach bliain airgeadais dar tosach an bhliain airgeadais ina ritear an *tAcht Comhshaoil (Forálacha Ilghnéitheacha)*, *2011*.

(3B) Déanfaidh an tAire, le linn dó nó di méid an tobhaigh arna shonrú i rialacháin faoi fho-alt (1) a leasú, méid a chur ina ionad nach mó de €50 ná an méid arna shonrú amhlaidh.",

(*e*) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5):

"(5A) I gcás go dtagann aon mhéid tobhaigh chun bheith iníoctha de réir rialachán arna ndéanamh faoin alt seo agus nach n-íoctar é, íocfaidh an duine atá faoi dhliteanas an tobhach a íoc ús simplí ar an méid agus ríomhfar an t-ús sin ón dáta a tháinig an tobhach chun

bheith iníoctha agus sin de réir ráta 0.0322 faoin gcéad in aghaidh gach lae nó cuid de lá a bheidh an méid gan íoc.

(5B) Beidh ús a bheidh dlite de réir fho-alt (5A) iníoctha leis an gCiste Comhshaoil ar an modh a shonrófar sna rialacháin faoi fho-alt (1) agus beidh feidhm ag na forálacha de na rialacháin sin a bhaineann leis an tobhach a ghnóthú maidir leis an ús amhail is dá mba thobhach é.

(5C) Aon ús a íocfar de réir fho-alt (5A), pléifear leis mar thobhach—

(*a*) chun críocha fho-alt (8), i ndáil le foráil faoin bhfo-alt sin maidir le tobhach de bhua mhír (*l*) d'alt 72(6), agus

(*b*) chun críocha alt 74(7).",

agus

(*f*) trí fho-alt (9) a scriosadh.

Leasú ar alt 74 d'Acht 1996.

14.—(1) Leasaítear alt 74 d'Acht 1996—

(*a*) i bhfo-alt (7), trí "72 nó 73" a chur in ionad "72 nó 74", agus

(*b*) i bhfo-alt (9), tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (*k*):

"(*ka*) tionscnaimh arna ndéanamh ag eagraíochtaí idirnáisiúnta nó ag daoine eile lasmuigh den Stát, i leith cosanta don chomhshaol nó don fhorbairt inchothaithe nó dóibh araon, a éascú, cúnamh a thabhairt ina leith, tacú leo nó iad a chur chun cinn,".

CUID 5

LEASÚ AR AN ACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2000

Mínithe.

15.—Sa Chuid seo—

ciallaíonn "Acht 2000" an tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000;

ciallaíonn "Acht 2006" an tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Bonneagar Straitéiseach), 2006;

ciallaíonn "Acht 2010" an tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), 2010.

Leasú ar alt 2 d'Acht 2000.

16.—Leasaítear alt 2(1) d'Acht 2000 trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

"ciallaíonn 'oibritheoir', i ndáil le cairéal, duine atá, gach tráth ábhartha, i gceannas ar sheoladh gníomhaíochtaí cairéalachta ag cairéal nó a seoltar gníomhaíochtaí den sórt sin faoina rialú;

tá le 'cairéal' an bhrí a shanntar dó le halt 3 den Acht um Mianaigh agus Cairéil, 1965;".

Leasú ar alt 4 d'Acht 2000.

17.—(1) Leasaítear alt 4 d'Acht 2000—

(*a*) i bhfo-alt (1)—

(i) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (*i*):

"(*i*) forbairt arb éard í crainn, foraoisí nó coillearnach a thanú, a leagan nó a athphlandú nó oibreacha a ghabhann leis an bhforbairt sin, ach gan speicis bhuaircíneacha a chur in ionad foraoise airde leathanduillí a áireamh;",

(ii) tríd an mír seo a leanas a chur i ndiaidh mhír (*i*):

"(*ia*) forbairt (seachas i gcás gur forbairt arb éard í rochtain a thabhairt ar bhóthar poiblí an fhorbairt) arb éard í bóthar (seachas bóthar poiblí) a dhéanamh, a chothabháil nó a fheabhsú nó oibreacha a ghabhann leis an bhforbairt bhóthair sin, i gcás go bhfónann an bóthar d'fhoraoisí agus do choillearnach;",

(iii) i mír (*l*), trí "nó oibreacha arb éard iad talamh a mhíntíriú nó talamh seiscinn ag inbhir agus talamh chalaidh a mhíntíriú, is oibreacha dá dtagraítear in alt 2 den Acht sin" a chur i ndiaidh "a tosaíodh ar na hoibreacha",

agus

(*b*) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

"(4) D'ainneoin mhíreanna (*a*), (*i*), (*ia*) agus (*l*) d'fho-alt (1) agus aon rialachán faoi fho-alt (2), ní bheidh forbairt ina forbairt dhíolmhaithe má cheanglaítear measúnacht tionchair timpeallachta nó measúnacht chuí a dhéanamh ar an bhforbairt.

(4A) D'ainneoin fho-alt (4), féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh lena bhforordófar go mbeidh forbairt nó aon aicme forbartha—

(*a*) atá údaraithe, nó a gceanglaítear í a údarú, le haon reacht nó faoi aon reacht (seachas an tAcht seo) cibé acu ar mhodh ceadúnais, toilithe, ceadaithe nó ar mhodh eile, agus

(*b*) is forbairt a gceanglaítear measúnacht tionchair timpeallachta nó measúnacht chuí a dhéanamh ina leith,

ina forbairt dhíolmhaithe.".

(2) Ní bheidh feidhm ag an leasú ar alt 4 d'Acht 2000 a dhéantar le *fo-alt (1)* maidir le forbairt—

(*a*) a tosaíodh roimh thosach feidhme an ailt seo, agus

(*b*) a críochnaíodh tráth nach déanaí ná 12 mhí tar éis an tosach feidhme sin,

mura rud é, díreach roimh an tosach feidhme sin, go raibh an fhorbairt á seoladh de shárú ar Acht 2000 nó ar rialacháin faoin Acht sin.

Leasú ar alt 13 d'Acht 2000.

18.—Leasaítear alt 13 d'Acht 2000—

(*a*) i bhfo-alt (2)(*a*) (arna leasú le halt 10(*a*) d'Acht 2010), trí "chuig an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta," a chur isteach i ndiaidh "chuig an Aire,", agus

(*b*) i bhfo-alt (8)(*c*) (arna leasú le halt 10(*e*) d'Acht 2010) trí "chuig an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta," a chur isteach i ndiaidh "chuig an Aire,".

Leasú ar alt 30 d'Acht 2000.

19.—Leasaítear alt 30 d'Acht 2000 trí "ach amháin mar a fhoráiltear le hailt 177X, 177Y, 177AB agus 177AC" a chur isteach i ndiaidh "bainteach".

Leasú ar alt 50A d'Acht 2000.

20.—Leasaítear alt 50A d'Acht 2000—

(*a*) i bhfo-alt (3)(*b*)(*i*), trí "leas leordhóthanach" a chur in ionad "leas substaintiúil", agus

(*b*) i bhfo-alt (4), trí "leas leordhóthanach" a chur in ionad "leas substaintiúil".

Leasú ar alt 50B d'Acht 2000.

21.—Leasaítear alt 50B d'Acht 2000—

(*a*) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

"(2) D'ainneoin aon ní in Ordú 99 de Rialacha na nUaschúirteanna (I.R. Uimh. 15 de 1986) agus faoi réir fho-ailt (2A), (3) agus (4), in imeachtaí lena mbaineann an t-alt seo, íocfaidh gach páirtí sna himeachtaí (lena n-áirítear aon fhógra-pháirtí) a chostais féin.

agus

(*b*) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

"(2A) Féadfar costais imeachtaí, nó cion de na costais sin, de réir mar is cuí, a dhámhachtain don iarratasóir, a mhéid a éiríonn leis an iarratasóir faoiseamh a fháil, agus is é nó is í an freagróir nó an fógra-pháirtí, nó iad araon, a íocfaidh aon chostais de na costais sin, a mhéid a bhain gníomhartha nó neamhghníomhartha an fhreagróra nó an fhógra-pháirtí, nó gníomhartha nó neamhghníomhartha an fhreagróra agus an fhógra-pháirtí araon, leis an iarratasóir faoiseamh a fháil.".

Leasú ar alt 57 d'Acht 2000.

22.—(1) Leasaítear fo-alt (1) d'alt 57 (arna leasú le halt 34 d'Acht 2010) d'Acht 2000 trí "(*ia*)" a chur isteach idir "(*i*)" agus "(*j*)".

(2) Ní bheidh feidhm ag an leasú a dhéantar le *fo-alt (1)* maidir le forbairt a tosaíodh roimh thosach feidhme an ailt seo agus a críochnaíodh tráth nach déanaí ná 12 mhí tar éis an tosach feidhme sin, mura rud é, díreach roimh an tosach feidhme sin, go raibh an fhorbairt á déanamh de shárú ar Acht 2000 nó rialacháin arna ndéanamh faoin Acht sin.

Leasú ar alt 82 d'Acht 2000.

23.—(1) Leasaítear fo-alt (1) d'alt 82 d'Acht 2000 trí "D'ainneoin mhír (*a*), (*h*), (*i*), (*ia*), (*j*), (*k*) nó (*l*) d'alt 4(1), nó aon rialachán arna ndéanamh faoi alt 4(2)," a chur in ionad "D'ainneoin alt 4(1)(*h*),".

(2) Ní bheidh feidhm ag an leasú a dhéantar le *fo-alt (1)* maidir le forbairt a tosaíodh roimh thosach feidhme an ailt seo agus a críochnaíodh tráth nach déanaí ná 12 mhí tar éis an tosach feidhme sin, mura rud é, díreach roimh an tosach feidhme sin, go raibh an fhorbairt á déanamh de shárú ar Acht 2000 nó rialacháin arna ndéanamh faoin Acht sin.

Leasú ar alt 87 d'Acht 2000.

24.—(1) Leasaítear fo-alt (1) d'alt 87 d'Acht 2000 trí "D'ainneoin mhír (*a*), (*h*), (*i*), (*ia*), (*j*), (*k*) nó (*l*) d'alt 4(1), nó aon rialachán arna ndéanamh faoi alt 4(2)," a chur in ionad "D'ainneoin alt 4 agus aon rialachán arna ndéanamh faoi,".

(2) Ní bheidh feidhm ag an leasú a dhéantar le *fo-alt (1)* maidir le forbairt a tosaíodh roimh thosach feidhme an ailt seo agus a críochnaíodh tráth nach déanaí ná 12 mhí tar éis an tosach feidhme sin, mura rud é, díreach roimh an tosach feidhme sin, go raibh an fhorbairt á déanamh de shárú ar Acht 2000 nó rialacháin arna ndéanamh faoi.

Leasú ar alt 130 d'Acht 2000.

25.—Leasaítear alt 130 d'Acht 2000 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5) (arna leasú le halt 42 d'Acht 2010):

"(5) Ní bheidh feidhm ag fo-ailt (1)(*b*) ná (4) maidir le haighneachtaí a dhéanfaidh, nó tuairimí a thabharfaidh, Ballstát nó stát eile is páirtí sa Choinbhinsiún Trasteorann, ag eascairt as comhchomhairliúchán de réir na Treorach um Measúnacht Tionchair Timpeallachta nó de réir an Choinbhinsiúin Trasteorann, de réir mar a bheidh, i ndáil leis na héifeachtaí a bheadh ag an bhforbairt, lena mbaineann an t-achomharc faoi alt 37, ar an gcomhshaol.".

Leasú ar alt 135 d'Acht 2000.

26.—Leasaítear alt 135 (arna leasú le halt 23 d'Acht 2006) d'Acht 2000—

(*a*) i bhfo-alt (2), trí "a thabharfaidh an Bord faoi fho-alt (2A) nó (2AB))" a chur in ionad "a thabharfaidh an Bord faoi fho-alt (2A))",

(*b*) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2A):

"(2AB) Féadfaidh an Bord dá lánrogha féin, tar éis moladh a fháil i ndáil leis an ní ó dhuine a shannfar chun tuarascáil i scríbhinn a thabhairt faoi alt 146, ordachán a

thabhairt do dhuine a shannfar chun éisteacht ó bhéal a sheoladh nach gceadóidh sé nó sí poncanna nó argóintí ach amháin i ndáil le nithe sonraithe agus leo sin amháin le linn na héisteachta ó bhéal.

(2AC) I gcás go dtabharfaidh an Bord ordachán faoi fho-alt (2AB), déanfaidh an duine dá dtabharfar é an t-ordachán a chomhlíonadh mura dtagann an duine sin ar an tuairim gur gá, ar mhaithe le nósanna imeachta cothroma a chomhlíonadh, cead a thabhairt go ndéanfaí ponc nó argóint le linn na héisteachta ó bhéal i ndáil le nithe nach sonraítear san ordachán.

(2AD) Tabharfaidh an Bord fógra i dtaobh a ordacháin faoi fho-alt (2AB)—

(*a*) do gach páirtí, i gcás achomhairc nó tarchuir,

(*b*) don iarratasóir agus don údarás pleanála i gcás iarratais—

(i) faoin Acht seo,

(ii) ar ordú iarnróid faoi Acht 2001, nó

(iii) ar cheadú faoi alt 51 d'Acht na mBóithre, 1993, agus

(*c*) do gach duine a bhfuil agóidí nó aighneachtaí déanta aige nó aici, nó a bhfuil tuairimí tugtha aige nó aici, don Bhord i gcás achomhairc, tarchuir nó iarratais.

(2AE) Maidir leis na poncanna nó leis an achoimre ar na hargóintí a dhéanfaidh duine a bheartaíonn láithriú ag an éisteacht ó bhéal a chur faoi bhráid an duine a bheidh ag seoladh na héisteachta, i gcás go mbeidh ordachán tugtha faoi fho-alt (2A) nó (2AB), beidh siad teoranta do phoncanna nó d'argóintí i ndáil le nithe a shonraítear san ordachán faoi fho-alt (2AB).",

(*c*) I bhfo-alt (2B) (a cuireadh isteach le halt 23 d'Acht 2006), tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (*d*):

"(*dd*) féadfaidh sé nó sí diúltú cead a thabhairt go ndéanfaí ponc nó argóint i ndáil le haon ní, más rud é—

(i) go bhfuil ordachán tugtha faoi fho-alt (2AB) agus nach bhfuil an ní sonraithe san ordachán, agus

(ii) nach bhfuil sé nó sí tagtha ar an tuairim dá dtagraítear i bhfo-alt (2AC).".

Leasú ar alt 153 d'Acht 2000.

27.—Leasaítear alt 153 (a leasaíodh le halt 45 d'Acht 2010) d'Acht 2000—

(*a*) trí fho-alt (6) a aisghairm,

(*b*) trí na fo-ailt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (7):

"(7) I gcás go suífidh údarás pleanála, tar éis imscrúdaithe faoin alt seo, go bhfuil forbairt neamhúdaraithe (seachas forbairt is forbairt bheagtháibhachtach nó mionfhorbairt) curtha i gcrích nó á cur i gcrích agus nach ndeachaigh an duine a chuir an fhorbairt i gcrích nó a bhfuil an fhorbairt á cur i gcrích aige nó aici ar aghaidh leis an staid a leigheas, ansin déanfaidh an t-údarás fógra forfheidhmiúcháin a eisiúint faoi alt 154 nó iarratas a dhéanamh de bhun alt 160, nó déanfaidh sé fógra den sórt sin a eisiúint agus iarratas den sórt sin a dhéanamh, mura mbeidh cúiseanna dosháraithe ann gan déanamh amhlaidh.

(8) Ní oibreoidh aon ní san alt seo chun a chosc, ná ní fhorléireofar aon ní san alt seo mar ní lena gcoisctear, ar údarás pleanála, i ndáil le forbairt neamhúdaraithe atá curtha i gcrích nó á cur i gcrích, fógra forfheidhmiúcháin a eisiúint faoi alt 154 agus iarratas a dhéanamh de bhun alt 160.".

Leasú ar alt 157 d'Acht 2000.

28.—Leasaítear fo-alt (4) d'alt 157 d'Acht 2000 trí na míreanna seo a leanas chur isteach i ndiaidh mhír (*a*):

"(*aa*) D'ainneoin mhír (*a*), féadfar litir rabhaidh nó fógra forfheidhmiúcháin a eisiúint aon tráth nó féadfar imeachtaí i leith ciona faoin gCuid seo a thosú aon tráth maidir le forbairt cairéil neamhúdaraithe nó forbairt asbhainte móna neamhúdaraithe sna himthosca seo a leanas:

(i) i gcás nach mbeidh aon chead deonaithe i leith na forbartha faoi Chuid III agus gur tosaíodh an fhorbairt tráth nach faide ná 7 mbliana roimh an dáta a thiocfaidh an mhír seo i ngníomh;

(ii) i gcás go mbeidh cead deonaithe i leith na forbartha faoi Chuid III agus, maidir leis an gcead, go ndeachaigh—

(I) an tréimhse chuí (de réir bhrí alt 40), nó

(II) an tréimhse chuí arna fadú faoi alt 42 nó 42A,

in éag tráth nach faide ná 7 mbliana roimh an dáta a thiocfaidh an mhír seo i ngníomh.

(*ab*) D'ainneoin mhír (*a*) nó (*aa*) féadfar litir rabhaidh nó fógra forfheidhmiúcháin a eisiúint aon tráth chun a cheangal go scoirfear d'aon fhorbairt cairéil neamhúdaraithe nó d'aon fhorbairt asbhainte móna neamhúdaraithe agus féadfar imeachtaí i leith ciona faoi alt 154 a eisiúint aon tráth i ndáil le fógra forfheidhmiúcháin arna eisiúint amhlaidh.".

Leasú ar alt 160 d'Acht 2000.

29.—Leasaítear fo-alt (6) d'alt 160 d'Acht 2000 trí na míreanna seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (*a*):

"(*aa*) D'ainneoin mhír (*a*), féadfar iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte nó chun na Cúirte Cuarda ar

ordú faoin alt seo aon tráth maidir le forbairt cairéil neamhúdaraithe nó forbairt asbhainte móna neamhúdaraithe sna himthosca seo a leanas:

(i) i gcás nach mbeidh aon chead deonaithe i leith na forbartha faoi Chuid III agus gur tosaíodh an fhorbairt tráth nach faide ná 7 mbliana roimh an dáta a thiocfaidh an mhír seo i ngníomh;

(ii) i gcás go mbeidh cead deonaithe i leith na forbartha faoi Chuid III agus, maidir leis an gcead, go ndeachaigh—

(I) an tréimhse chuí (de réir bhrí alt 40), nó

(II) an tréimhse chuí arna fadú faoi alt 42 nó 42A,

in éag tráth nach faide ná 7 mbliana roimh an dáta a thiocfaidh an mhír seo i ngníomh.

(*ab*) D'ainneoin mhír (*a*) nó (*aa*), féadfar iarratas a dhéanamh aon tráth chun na hArd-Chúirte nó chun na Cúirte Cuarda ar ordú faoin alt seo go scoirfear d'aon fhorbairt cairéil neamhúdaraithe nó d'aon fhorbairt asbhainte móna neamhúdaraithe.".

Leasú ar alt 170 d'Acht 2000.

30.—Leasaítear fo-alt (2) d'alt 170 d'Acht 2000 trí "Faoi réir fhorálacha Chuid X nó Chuid XAB, nó fhorálacha na gCodanna sin araon, de réir mar is cuí, deonóidh údarás pleanála" a chur in ionad "Deonóidh údarás pleanála".

Leasú ar alt 177R d'Acht 2000.

31.—Leasaítear alt 177R (a cuireadh isteach le halt 57 d'Acht 2010) d'Acht 2000 tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "limistéar cosanta speisialta féideartha":

"ciallaíonn 'limistéar cosanta speisialta féideartha' láithreán a bhfuil fógra tugtha ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta i ndáil leis, de bhun rialachán faoi Acht na gComhphobal Eorpach, 1972, go measann sé nó sí go bhféadfadh an láithreán a bheith incháilithe lena aicmiú mar limistéar cosanta speisialta de bhun Airteagal 4 den Treoir um Éin, ach sin go dtí go bhfógrófar go poiblí go bhfuil breith tugtha ag an Aire sin láithreán den sórt sin a aicmiú, nó gan é a aicmiú, mar limistéar cosanta speisialta, agus go dtí sin amháin;".

Láithreán Eorpach nach ionad do ghnáthóg nó speiceas tosaíochta agus dréachtphlean úsáide Talún.

32.—Leasaítear Acht 2000 tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 177X (a cuireadh isteach le halt 57 d'Acht 2010):

"177X.—(1) I gcás go bhfaighidh an tAire sonrú cáis faoi alt 177W(1) a bhaineann le láithreán Eorpach nach ionad do chineál gnáthóige tosaíochta ná do speiceas tosaíochta, déanfaidh sé nó sí, a luaithe is féidir—

(*a*) breithniú a dhéanamh i dtaobh an ann do chúiseanna dianriachtanacha leasa phoiblí sháraithigh,

(*b*) dul i gcomhairle le cibé Aire eile den Rialtas is cuí leis an Aire, ag féachaint d'fheidhmeanna an Aire eile sin, agus

(*c*) aon bharúlacha de chuid aon Aire den Rialtas a ndeachthas i gcomhairle leis nó léi de bhun mhír (*b*) a bhreithniú, ar barúlacha iad a bheidh faighte ag an Aire sula n-eisíonn sé nó sí fógra faoi fho-alt (5) nó (6).

(2) (*a*) Má mheasann an tAire go mb'fhéidir gurb ann do chúiseanna dianriachtanacha leasa phoiblí sháraithigh, déanfaidh sé nó sí, a luaithe is féidir, barúlacha an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta a iarraidh i dtaobh an bhfuil na bearta cúitimh a shonraítear sa sonrú cáis leordhóthanach chun a chinntiú go ndéanfar comhtháthú foriomlán líonra Natura 2000 a chosaint.

(*b*) Tar éis barúlacha an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta a fháil, féadfaidh an tAire comhchomhairliúcháin a dhéanamh leis an údarás inniúil, agus féadfaidh an t-údarás inniúil plean athleasaithe nó modhnaithe nó bearta cúitimh athleasaithe nó modhnaithe a chur faoi bhráid an Aire.

(*c*) Féadfaidh an tAire comhchomhairliúcháin a dhéanamh leis an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus comhchomhairliúcháin bhreise a dhéanamh leis an údarás inniúil i ndáil leis an dréachtphlean úsáide Talún nó leis an dréachtphlean úsáide Talún athleasaithe nó modhnaithe nó leis na bearta cúitimh nó leis na bearta cúitimh athleasaithe nó modhnaithe.

(3) Féadfaidh an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, a luaithe is féidir tar éis don Aire barúlacha a iarraidh faoi fho-alt (2)(*a*) nó, de réir mar a bheidh, tar éis comhchomhairliúcháin leis an Aire faoi fho-alt (2)(*c*) a chríochnú, tuairim a thabhairt don Aire i dtaobh an bhfuil na bearta cúitimh nó na bearta cúitimh athleasaithe nó modhnaithe, de réir mar a bheidh, leordhóthanach chun a chinntiú go ndéanfar comhtháthú foriomlán líonra Natura 2000 a chosaint.

(4) Féadfaidh an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, le linn dó nó di a thuairim nó a tuairim faoi na bearta cúitimh a thabhairt faoi fho-alt (3), a bharúlacha nó a barúlacha a thabhairt freisin i dtaobh an ann do chúiseanna dianriachtanacha leasa phoiblí sháraithigh, agus déanfaidh an tAire aon bharúlacha den sórt sin a bhreithniú sula n-eiseoidh sé nó sí fógra faoi fho-alt (5) nó (6).

(5) Má thagann an tAire ar an tuairim gurb ann do chúiseanna dianriachtanacha leasa phoiblí sháraithigh, agus má tá tuairim tugtha ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta nach bhfuil na bearta cúitimh nó na bearta cúitimh athleasaithe nó modhnaithe, de réir mar a bheidh, leordhóthanach chun a chinntiú go ndéanfar comhtháthú foriomlán líonra Natura 2000 a chosaint, déanfaidh an tAire, a luaithe is féidir, fógra á rá sin a eisiúint chuig an údarás inniúil

agus féadfaidh an t-údarás inniúil breith a thabhairt go ndéanfaidh sé—

(*a*) an plean úsáide Talún, nó

(*b*) an chuid sin den phlean úsáide Talún a mbeadh éifeacht dhochrach aici ar shláine láithreáin Eorpaigh.

(6) Má thagann an tAire ar an tuairim nach ann do chúiseanna dianriachtanacha leasa phoiblí sháraithigh, nó má tá tuairim tugtha ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta nach bhfuil na bearta cúitimh nó na bearta cúitimh athleasaithe nó modhnaithe, de réir mar a bheidh, leordhóthanach chun a chinntiú go ndéanfar comhtháthú foriomlán líonra Natura 2000 a chosaint, déanfaidh an tAire, a luaithe is féidir, fógra á rá sin a eisiúint chuig an údarás inniúil agus ní dhéanfaidh an t-údarás inniúil—

(*a*) an plean úsáide Talún, nó

(*b*) an chuid sin den phlean úsáide Talún a mbeadh éifeacht dhochrach aici ar shláine láithreáin Eorpaigh.

(7) I gcás go n-eisíonn an tAire fógra faoi fho-alt (5), cuirfidh sé nó sí an méid sin in iúl don Choimisiún, lena n-áirítear na bearta cúitimh a bheartaítear.

(8) Cuirfidh an t-údarás inniúil fógra arna eisiúint chuig an údarás faoi fho-alt (5) nó (6) ar fáil lena iniúchadh ag daoine den phobal le linn uaireanta oifige in oifig an údaráis, agus féadfaidh sé freisin é a fhoilsiú ar an idirlíon.".

Láithreán Eorpach is ionad do ghnáthóg nó speiceas tosaíochta agus dréachtphlean úsáide Talún.

33.—Leasaítear Acht 2000 tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 177Y (a cuireadh isteach le halt 57 d'Acht 2010):

"177Y.—(1) I gcás go bhfaighidh an tAire sonrú cáis faoi alt 177W(1) a bhaineann le láithreán Eorpach is ionad do chineál gnáthóige tosaíochta nó do speiceas tosaíochta, déanfaidh sé nó sí, a luaithe is féidir—

(*a*) breithniú a dhéanamh i dtaobh an ann do chúiseanna dianriachtanacha leasa phoiblí sháraithigh,

(*b*) dul i gcomhairle le cibé Aire eile den Rialtas is cuí leis an Aire, ag féachaint d'fheidhmeanna an Aire eile sin, agus

(*c*) aon bharúlacha de chuid aon Aire den Rialtas a ndeachthas i gcomhairle leis nó léi de bhun mhír (*b*) a bhreithniú, ar barúlacha iad a bheidh faighte ag an Aire sula n-eisíonn sé nó sí fógra faoi fho-alt (6), (7) nó (8).

(2) (*a*) Má mheasann an tAire go mb'fhéidir gurb ann do chúiseanna dianriachtanacha leasa phoiblí sháraithigh, agus go mb'fhéidir gurb éard atá iontu, nó ar áireamh iontu, cúis nó cúiseanna seachas na cúiseanna a leagtar amach in alt 177W(4)(*a*) go (*c*),

déanfaidh an tAire breithniú i dtaobh ar cheart tuairim an Choimisiúin a lorg i ndáil leis an ní.

(*b*) I gcás go mbeartaíonn an tAire gan tuairim an Choimisiúin a lorg de bhun mhír (*a*), déanfaidh sé nó sí, i dteannta aon chomhchomhairliúcháin a bheidh déanta faoi fho-alt (1)(*b*), a luaithe is féidir, dul i gcomhairle le cibé Aire eile den Rialtas is cuí leis an Aire, ag féachaint d'fheidhmeanna an Aire eile sin, agus a iarraidh ar an Aire eile sin a bharúlacha nó a barúlacha a thabhairt a luaithe is féidir.

(*c*) Déanfaidh an tAire aon bharúlacha a gheobhaidh sé nó sí ó aon Aire eile den Rialtas a ndeachthas i gcomhairle leis nó léi faoi mhír (*b*) a bhreithniú i gcás go bhfaighidh an tAire na barúlacha sin sula dtugann sé nó sí breith i dtaobh an lorgóidh sé nó sí tuairim an Choimisiúin faoi mhír (*a*).

(3) (*a*) Má mheasann an tAire go mb'fhéidir gurb ann do chúiseanna dianriachtanacha leasa phoiblí sháraithigh, déanfaidh sé nó sí, a luaithe is féidir, barúlacha an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta a iarraidh i dtaobh an bhfuil na bearta cúitimh a shonraítear sa sonrú cáis leordhóthanach chun a chinntiú go ndéanfar comhtháthú foriomlán líonra Natura 2000 a chosaint.

(*b*) Tar éis barúlacha an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta a fháil, féadfaidh an tAire comhchomhairliúcháin a dhéanamh leis an údarás inniúil, agus féadfaidh an t-údarás inniúil plean athleasaithe nó modhnaithe nó bearta cúitimh athleasaithe nó modhnaithe a chur faoi bhráid an Aire.

(*c*) Féadfaidh an tAire comhchomhairliúcháin a dhéanamh leis an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus comhchomhairliúcháin bhreise a dhéanamh leis an údarás inniúil i ndáil leis an dréachtphlean úsáide Talún nó leis an dréachtphlean úsáide Talún athleasaithe nó modhnaithe nó leis na bearta cúitimh nó leis na bearta cúitimh athleasaithe nó modhnaithe.

(4) Déanfaidh an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, a luaithe is féidir tar éis don Aire barúlacha a iarraidh faoi fho-alt (3)(*a*) nó, de réir mar a bheidh, tar éis comhchomhairliúcháin leis an Aire faoi fho-alt (3)(*c*) a chríochnú, tuairim a thabhairt don Aire i dtaobh an bhfuil na bearta cúitimh nó na bearta cúitimh athleasaithe nó modhnaithe, de réir mar a bheidh, leordhóthanach chun a chinntiú go ndéanfar comhtháthú foriomlán líonra Natura 2000 a chosaint.

(5) Féadfaidh an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, le linn dó nó di a thuairim nó a tuairim faoi na bearta cúitimh a thabhairt faoi fho-alt (4), a bharúlacha nó a barúlacha a thabhairt freisin i dtaobh an ann do chúiseanna dianriachtanacha leasa phoiblí sháraithigh, agus déanfaidh an tAire aon bharúlacha den sórt sin a bhreithniú sula n-eiseoidh sé nó sí fógra faoi fho-alt (6), (7) nó (8).

(6) Má thagann an tAire ar an tuairim gurb ann do chúiseanna dianriachtanacha leasa phoiblí sháraithigh nach éard atá iontu ach cúis nó cúiseanna a leagtar amach in alt 177W(4)(*a*) go (*c*), agus má tá tuairim tugtha ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta go bhfuil na bearta cúitimh nó na bearta cúitimh athleasaithe nó modhnaithe, de réir mar a bheidh, leordhóthanach chun a chinntiú go ndéanfar comhtháthú foriomlán líonra Natura 2000 a chosaint, eiseoidh an tAire fógra á rá sin chuig an údarás inniúil agus féadfaidh an t-údarás inniúil breith a thabhairt go ndéanfaidh sé—

(*a*) an plean úsáide Talún, nó

(*b*) an chuid sin den phlean úsáide Talún a mbeadh éifeacht dhochrach aici ar shláine láithreáin Eorpaigh.

(7) Más rud é—

(*a*) go dtagann an tAire ar an tuairim gurb ann do chúiseanna dianriachtanacha leasa phoiblí sháraithigh, arb éard atá iontu, nó ar áireamh iontu, cúis nó cúiseanna seachas iad sin in alt 177W(4)(*a*) go (*c*), agus

(*b*) go mbeidh tuairim an Choimisiúin faighte ag an Aire i ndáil leis an ní, agus

(*c*) go mbeidh tuairim tugtha ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta go bhfuil na bearta cúitimh, nó na bearta cúitimh athleasaithe nó modhnaithe, de réir mar a bheidh, leordhóthanach chun a chinntiú go ndéanfar comhtháthú foriomlán líonra Natura 2000 a chosaint,

eiseoidh an tAire fógra á rá sin chuig an údarás inniúil, agus cóip de thuairim an Choimisiúin ag gabháil leis, agus féadfaidh an t-údarás inniúil, tar éis tuairim an Choimisiúin a bhreithniú agus dá éis sin amháin, breith a thabhairt go ndéanfaidh sé—

(i) an plean úsáide Talún, nó

(ii) an chuid sin den phlean úsáide Talún a mbeadh éifeacht dhochrach aici ar shláine láithreáin Eorpaigh.

(8) Más rud é—

(*a*) go dtagann an tAire ar an tuairim nach ann do chúiseanna dianriachtanacha leasa phoiblí sháraithigh, nó

(*b*) go dtagann an tAire ar an tuairim gurb éard atá sna cúiseanna dianriachtanacha leasa phoiblí sháraithigh, nó ar áireamh iontu, cúis nó cúiseanna seachas iad sin in alt 177W(4)(*a*) go (*c*), agus go bhfuil breith tugtha ag an Aire gan tuairim an Choimisiúin a lorg i ndáil leis an ní, nó

(*c*) go mbeidh tuairim tugtha ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta nach bhfuil na bearta cúitimh nó na bearta cúitimh athleasaithe nó

modhnaithe, de réir mar a bheidh, leordhóthanach chun a chinntiú go ndéanfar comhtháthú foriomlán líonra Natura 2000 a chosaint,

eiseoidh an tAire fógra á rá sin chuig an údarás inniúil agus ní dhéanfaidh an t-údarás inniúil—

(i) an plean úsáide Talún, nó

(ii) an chuid sin den phlean úsáide Talún a mbeadh éifeacht dhochrach aici ar shláine láithreáin Eorpaigh.

(9) I gcás go n-eisíonn an tAire fógra faoi fho-alt (6) nó (7), cuirfidh sé nó sí an méid sin in iúl don Choimisiún, lena n-áirítear na bearta cúitimh a bheartaítear.

(10) Cuirfidh an t-údarás inniúil fógra arna eisiúint chuig an údarás faoi fho-alt (6), (7) nó (8) ar fáil lena iniúchadh ag daoine den phobal le linn uaireanta oifige in oifig an údaráis, agus féadfaidh sé freisin é a fhoilsiú ar an idirlíon.".

Leasú ar alt 177Z d'Acht 2000.

34.—Leasaítear alt 177Z (a cuireadh isteach le halt 57 d'Acht 2010) d'Acht 2000, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

"(1) I gcás go mbeidh fógra faighte ag údarás inniúil ón Aire faoi alt 177X(6) nó 177Y(8) i ndáil le dréachtphlean úsáide Talún, agus gur deimhin leis an údarás gur féidir an dréachtphlean a leasú chun nach mbeidh na codanna nó na heilimintí ab ábhar do chinneadh faoi alt 177V ann a thuilleadh, ar chinneadh é go mbeadh éifeacht dhochrach ag an bplean ar láithreán Eorpach, ansin féadfaidh an t-údarás an plean a dhéanamh ach sin tar éis na codanna nó na heilimintí sin a fhágáil ar lár as."

Láithreán Eorpach nach ionad do ghnáthóg nó speiceas tosaíochta.

35.—Leasaítear Acht 2000 tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 177AB (a cuireadh isteach le halt 57 d'Acht 2010):

"177AB.—(1) (*a*) I gcás go bhfaighidh an tAire sonrú cáis faoi alt 177AA(1) a bhaineann le láithreán Eorpach nach ionad do chineál gnáthóige tosaíochta nó speiceas tosaíochta, déanfaidh sé nó sí, a luaithe is féidir, barúlacha an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta a iarraidh i dtaobh an bhfuil na bearta cúitimh leordhóthanach chun a chinntiú go ndéanfar comhtháthú foriomlán líonra Natura 2000 a chosaint.

(*b*) Tar éis barúlacha an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta a fháil, féadfaidh an tAire comhchomhairliúcháin a dhéanamh leis an údarás inniúil, agus féadfaidh an t-údarás inniúil, tar éis dul i gcomhairle leis an iarratasóir ar thoiliú le haghaidh na forbartha beartaithe, togra modhnaithe i leith na forbartha, coinníollacha beartaithe modhnaithe atá le cur ag gabháil leis an bhforbairt bheartaithe nó bearta cúitimh beartaithe modhnaithe nó malartacha a chur faoi bhráid an Aire.

(*c*) Féadfaidh an tAire comhchomhairliúcháin a dhéanamh leis an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus comhchomhairliúcháin bhreise a dhéanamh leis an údarás inniúil i ndáil leis an togra i leith na forbartha nó le haon togra modhnaithe i leith na forbartha, i ndáil leis na coinníollacha beartaithe nó le haon choinníollacha beartaithe modhnaithe atá le cur ag gabháil leis an bhforbairt bheartaithe agus i ndáil leis na bearta cúitimh nó le haon bhearta cúitimh beartaithe malartacha.

(2) Déanfaidh an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, a luaithe is féidir tar éis don Aire barúlacha a iarraidh faoi fho-alt (1)(*a*) nó, de réir mar a bheidh, tar éis comhchomhairliúcháin leis an Aire faoi fho-alt (1)(*c*) a chríochnú, tuairim a thabhairt don Aire i dtaobh an bhfuil na bearta cúitimh nó na bearta cúitimh beartaithe modhnaithe nó malartacha, de réir mar a bheidh, leordhóthanach chun a chinntiú go ndéanfar comhtháthú foriomlán líonra Natura 2000 a chosaint.

(3) I gcás go mbeidh tuairim tugtha ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta go bhfuil na bearta cúitimh nó na bearta cúitimh athleasaithe nó modhnaithe, de réir mar a bheidh, leordhóthanach chun a chinntiú go ndéanfar comhtháthú foriomlán líonra Natura 2000 a chosaint, déanfaidh an tAire, a luaithe is féidir tar éis an tuairim a fháil, fógra á rá sin a eisiúint chuig an údarás inniúil agus féadfaidh an t-údarás inniúil breith a thabhairt toiliú le haghaidh na forbartha beartaithe a dheonú fara coinníollacha nó gan choinníollacha.

(4) I gcás go mbeidh tuairim tugtha ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta nach bhfuil na bearta cúitimh nó na bearta cúitimh athleasaithe nó modhnaithe, de réir mar a bheidh, leordhóthanach chun a chinntiú go ndéanfar comhtháthú foriomlán líonra Natura 2000 a chosaint, déanfaidh an tAire, a luaithe is féidir tar éis an tuairim a fháil, fógra á rá sin a eisiúint chuig an údarás inniúil agus ní dheonóidh an t-údarás inniúil toiliú le haghaidh na forbartha beartaithe.

(5) I gcás go n-eisíonn an tAire fógra faoi fho-alt (3), cuirfidh sé nó sí an méid sin in iúl don Choimisiún, lena n-airítear na bearta cúitimh a bheartaítear.

(6) Cuirfidh an t-údarás inniúil fógra arna eisiúint chuig an údarás faoi fho-alt (3) nó (4) ar fáil lena iniúchadh ag daoine den phobal le linn uaireanta oifige in oifig an údaráis, agus féadfaidh sé freisin é a fhoilsiú ar an idirlíon.".

Láithreán Eorpach is ionad do ghnáthóg nó speiceas tosaíochta.

36.—Leasaítear Acht 2000 tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 177AC (a cuireadh isteach le halt 57 d'Acht 2010):

"177AC.—(1) (*a*) I gcás go bhfaighidh an tAire sonrú cáis faoi alt 177AA(1) a bhaineann le láithreán Eorpach is ionad do chineál gnáthóige tosaíochta nó speiceas tosaíochta, déanfaidh sé nó sí, a luaithe is féidir, barúlacha an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta a iarraidh i dtaobh an bhfuil na bearta cúitimh leordhóthanach chun a chinntiú go ndéanfar comhtháthú foriomlán líonra Natura 2000 a chosaint.

(*b*) Tar éis barúlacha an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta a fháil, féadfaidh an tAire comhchomhairliúcháin a dhéanamh leis an údarás inniúil, agus féadfaidh an t-údarás inniúil, tar éis dul i gcomhairle leis an iarratasóir ar thoiliú le haghaidh na forbartha beartaithe, togra modhnaithe i leith na forbartha, coinníollacha beartaithe modhnaithe atá le cur ag gabháil leis an bhforbairt bheartaithe nó bearta cúitimh beartaithe modhnaithe nó malartacha a chur faoi bhráid an Aire.

(*c*) Féadfaidh an tAire comhchomhairliúcháin a dhéanamh leis an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus comhchomhairliúcháin bhreise a dhéanamh leis an údarás inniúil i ndáil leis an togra i leith na forbartha nó le haon togra modhnaithe i leith na forbartha, i ndáil leis na coinníollacha beartaithe nó le haon choinníollacha beartaithe modhnaithe atá le cur ag gabháil leis an bhforbairt bheartaithe agus i ndáil leis na bearta cúitimh nó le haon bhearta cúitimh beartaithe modhnaithe nó malartacha.

(2) (*a*) Má mheasann an tAire gurb éard atá sna cúiseanna dianriachtanacha leasa phoiblí sháraithigh, nó gurb éard atá ar áireamh iontu, cúis nó cúiseanna seachas na cúiseanna a leagtar amach in alt 177AA(4)(*a*) go (*c*), déanfaidh an tAire breithniú i dtaobh ar cheart tuairim an Choimisiúin a lorg i ndáil leis an ní.

(*b*) I gcás go mbeartaíonn an tAire gan tuairim an Choimisiúin a lorg, rachaidh sé nó sí i gcomhairle, a luaithe is féidir, le cibé Aire eile den Rialtas is cuí leis an Aire, ag féachaint d'fheidhmeanna an Aire eile sin den Rialtas agus iarrfaidh sé nó sí ar an Aire eile sin a bharúlacha nó a barúlacha a thabhairt a luaithe is féidir.

(*c*) Breithneoidh an tAire aon bharúlacha a gheofar ó aon Aire eile den Rialtas lena rachfar i gcomhairle faoi mhír (*b*) i gcás go mbeidh na barúlacha sin faighte ag an Aire sula dtabharfaidh sé nó sí breith an lorgóidh sé nó sí tuairim an Choimisiúin faoi mhír (*a*).

(3) Déanfaidh an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, a luaithe is féidir tar éis don Aire barúlacha a iarraidh faoi fho-alt (1)(*a*) nó, de réir mar a bheidh, tar éis comhchomhairliúcháin leis an Aire faoi fho-alt (1)(*c*) a chríochnú, tuairim a thabhairt don Aire i dtaobh an bhfuil na bearta cúitimh nó na bearta cúitimh beartaithe modhnaithe nó malartacha, de réir mar a bheidh, leordhóthanach chun a chinntiú go ndéanfar comhtháthú foriomlán líonra Natura 2000 a chosaint.

(4) Má thagann an tAire ar an tuairim nach éard atá sna cúiseanna dianriachtanacha leasa phoiblí sháraithigh ach cúis nó cúiseanna a leagtar amach in alt 177AA(4)(*a*) go (*c*), agus má tá tuairim tugtha ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta go bhfuil na bearta cúitimh nó na bearta cúitimh athleasaithe nó modhnaithe, de réir mar a bheidh, leordhóthanach chun a chinntiú go ndéanfar comhtháthú

foriomlán líonra Natura 2000 a chosaint, eiseoidh an tAire fógra á rá sin chuig an údarás inniúil agus féadfaidh an t-údarás inniúil breith a thabhairt toiliú le haghaidh na forbartha beartaithe a dheonú, fara coinníollacha nó gan choinníollacha.

(5) Más rud é—

(*a*) go dtagann an tAire ar an tuairim gurb éard atá sna cúiseanna dianriachtanacha leasa phoiblí sháraithigh, nó go n-áirítear orthu, cúis nó cúiseanna seachas iad siúd in alt 177AA(4)(*a*) go (*c*), agus

(*b*) go mbeidh tuairim an Choimisiúin faighte ag an Aire i ndáil leis an ní, agus

(*c*) go mbeidh tuairim tugtha ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta go bhfuil na bearta cúitimh nó na bearta cúitimh athleasaithe nó modhnaithe, de réir mar a bheidh, leordhóthanach chun a chinntiú go ndéanfar comhtháthú foriomlán líonra Natura 2000 a chosaint,

eiseoidh an tAire fógra á rá sin chuig an údarás inniúil, agus cóip de thuairim an Choimisiúin ag gabháil leis, agus féadfaidh an t-údarás inniúil, tar éis tuairim an Choimisiúin a bhreithniú agus dá éis sin amháin, breith a thabhairt toiliú le haghaidh na forbartha beartaithe a dheonú, fara coinníollacha nó gan choinníollacha.

(6) Más rud é—

(*a*) go dtagann an tAire ar an tuairim gurb éard atá sna cúiseanna dianriachtanacha leasa phoiblí sháraithigh, nó ar áireamh iontu, cúis nó cúiseanna seachas iad sin in alt 177AA(4)(*a*) go (*c*), agus go mbeidh breith tugtha ag an Aire gan tuairim an Choimisiúin a lorg i ndáil leis an ní, nó

(*b*) gur thug an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, mar a thuairim nó a tuairim, tuairim nach bhfuil na bearta cúitimh nó na bearta cúitimh beartaithe modhnaithe nó malartacha, de réir mar a bheidh, leordhóthanach chun a chinntiú go ndéanfar comhtháthú foriomlán líonra Natura 2000 a chosaint,

eiseoidh an tAire fógra á rá sin chuig an údarás inniúil agus ní dheonóidh an t-údarás inniúil toiliú le haghaidh na forbartha beartaithe.

(7) I gcás go n-eisíonn an tAire fógra faoi fho-alt (4) nó (5), cuirfidh sé nó sí an méid sin in iúl don Choimisiún, lena n-airítear na bearta cúitimh a bheartaítear.

(8) Cuirfidh an t-údarás inniúil fógra arna eisiúint chuig an údarás faoi fho-alt (6), (7) nó (8) ar fáil lena iniúchadh ag daoine den phobal le linn uaireanta oifige in oifigí an údaráis, agus féadfaidh sé freisin é a fhoilsiú ar an idirlíon.".

Leasú ar alt 181A d'Acht 2000.

37.—Leasaítear alt 181A (a cuireadh isteach le halt 36 d'Acht 2006) mar a leanas—

(*a*) trí "nó éifeachtaí dochracha a bheith aici ar iomláine láithreáin Eorpaigh, de réir mar a bheidh" a chur isteach i ndiaidh "de réir alt 176" i bhfo-alt (1)(*b*), trí "nó leis na héifeachtaí dochracha is dóigh a bheadh aici ar iomláine láithreáin Eorpaigh, de réir mar a bheidh" a chur isteach i ndiaidh "ar an gcomhshaol" i bhfo-alt (3)(*a*)(iii)(II) agus i bhfo-alt (3)(*b*)(ii), agus trí "nó na héifeachtaí dochracha is dóigh a bheidh aici ar iomláine láithreáin Eorpaigh, de réir mar a bheidh" a chur isteach i ndiaidh "ar an gcomhshaol" i bhfo-alt (6)(*a*)(i).

(*b*) trí "ráiteas tionchair timpeallachta nó ráiteas tionchair Natura nó an dá ráiteas sin, de réir mar a bheidh," a chur in ionad "ráiteas tionchair timpeallachta" i bhfo-alt (1) agus i bhfo-alt (3)(*a*)(i), agus trí "den ráiteas tionchair timpeallachta nó de ráiteas tionchair Natura nó den dá ráiteas sin, de réir mar a bheidh," a chur in ionad "den ráiteas tionchair timpeallachta"gach áit a bhfuil sé (seachas i bhfo-alt (3)(*c*)), agus

(*c*) trí "ráiteas tionchair timpeallachta athbhreithnithe nó ráiteas tionchair Natura athbhreithnithe nó an dá ráiteas sin, de réir mar a bheidh," a chur in ionad "ráiteas tionchair timpeallachta athbhreithnithe" sa dá áit a bhfuil sé i bhfo-ailt (4)(*b*) agus (7)(*a*)(ii).

Leasú ar alt 181B d'Acht 2000.

38.—Leasaítear alt 181B (a cuireadh isteach le halt 36 d'Acht 2006)—

(*a*) trí "an ráiteas tionchair timpeallachta nó ráiteas tionchair Natura nó an dá ráiteas sin, de réir mar a bheidh, arna gcur" a chur in ionad "an ráiteas tionchair timpeallachta arna chur" i bhfo-alt (1)(*a*) agus trí "ráiteas tionchair timpeallachta nó ráiteas tionchair Natura nó an dá ráiteas sin, de réir mar a bheidh" a chur in ionad "ráiteas tionchair timpeallachta" sa dá áit a bhfuil sé,

(*b*) i bhfo-alt (1), trí "na héifeachtaí is dóigh a bheidh ag an bhforbairt bheartaithe ar an gcomhshaol nó na héifeachtaí dochracha is dóigh a bheidh aici ar iomláine láithreáin Eorpaigh" a chur in ionad "na héifeachtaí is dóigh a bheidh ag an bhforbairt bheartaithe ar an gcomhshaol" i mír (*a*)(i) agus trí "maidir le héifeachtaí na forbartha beartaithe ar an gcomhshaol nó le héifeachtaí dochracha na forbartha beartaithe ar iomláine láithreáin Eorpaigh" a chur in ionad "maidir le héifeachtaí na forbartha beartaithe ar an gcomhshaol" i bhfo-alt (2), agus

(*c*) i bhfo-alt (3), trí "na héifeachtaí, más ann, a bheidh ag an bhforbairt bheartaithe ar an gcomhshaol nó na héifeachtaí dochracha, más ann, a bheidh ag an bhforbairt bheartaithe ar iomláine láithreáin Eorpaigh" a chur in ionad "na héifeachtaí, más ann, a bheidh ag an bhforbairt bheartaithe ar an gcomhshaol".

Leasú ar alt 182A d'Acht 2000.

39.—Leasaítear alt 182A (a cuireadh isteach le halt 4 d'Acht 2006) d'Acht 2000—

(*a*) trí "nó na héifeachtaí dochracha is dóigh a bheadh aici ar iomláine láithreáin Eorpaigh, de réir mar a bheidh" a chur isteach i ndiaidh "ar an gcomhshaol" sa dá áit a bhfuil sé, "nó éifeachtaí dochracha na forbartha beartaithe ar iomláine láithreáin Eorpaigh, de réir mar a bheidh" a chur isteach i ndiaidh "ar an gcomhshaol" i bhfo-alt (5)(*a*)(i), agus "nó na héifeachtaí dochracha is dóigh a bheidh aici ar iomláine láithreáin Eorpaigh, de réir mar a bheidh" a chur isteach i ndiaidh "ar an gcomhshaol" i bhfo-alt (7)(*a*)(i),

(*b*) trí "ráiteas tionchair timpeallachta nó ráiteas tionchair Natura nó an dá ráiteas sin, de réir mar a bheidh," a chur in ionad "ráiteas tionchair timpeallachta" gach áit a bhfuil sé agus "d'aon ráiteas tionchair timpeallachta nó d'aon ráiteas tionchair Natura nó den dá ráiteas sin, de réir mar a bheidh," a chur in ionad "d'aon ráiteas tionchair timpeallachta" gach áit a bhfuil sé,

(*c*) trí "ráiteas tionchair timpeallachta athbhreithnithe nó ráiteas tionchair Natura athbhreithnithe nó an dá ráiteas sin, de réir mar a bheidh," a chur in ionad "ráiteas tionchair timpeallachta athbhreithnithe" gach áit a bhfuil sé, agus

(*d*) trí "den ráiteas tionchair timpeallachta athbhreithnithe nó de ráiteas tionchair Natura athbhreithnithe nó den dá ráiteas sin, de réir mar a bheidh," a chur in ionad "den ráiteas tionchair timpeallachta" i bhfo-alt (8)(*a*).

40.—Leasaítear alt 182C (a cuireadh isteach le halt 4 d'Acht 2006) d'Acht 2000— Leasú ar alt 182C d'Acht 2000.

(*a*) trí "nó leis na héifeachtaí dochracha is dóigh a bheadh aici ar iomláine láithreáin Eorpaigh, de réir mar a bheidh" a chur isteach i ndiaidh "ar an gcomhshaol" i bhfo-alt (4)(*a*)(iii)(II), trí "nó éifeachtaí dochracha na forbartha beartaithe ar iomláine láithreáin Eorpaigh, de réir mar a bheidh" a chur isteach i ndiaidh "ar an gcomhshaol" i bhfo-alt (5)(*a*)(i), agus trí "nó na héifeachtaí dochracha is dóigh a bheidh aici ar iomláine láithreáin Eorpaigh, de réir mar a bheidh" a chur in isteach i ndiaidh "ar an gcomhshaol" i bhfo-alt (7)(*a*)(i),

(*b*) trí "ráiteas tionchair timpeallachta nó ráiteas tionchair Natura nó an dá ráiteas sin, de réir mar a bheidh," a chur in ionad "ráiteas tionchair timpeallachta" gach áit a bhfuil sé agus trí "den ráiteas tionchair timpeallachta nó de ráiteas tionchair Natura nó den dá ráiteas sin, de réir mar a bheidh," a chur in ionad "den ráiteas tionchair timpeallachta" gach áit a bhfuil sé (seachas i bhfo-alt (8)(*a*)(ii)), agus,

(*c*) i bhfo-alt (8)—

(i) trí "ráiteas tionchair timpeallachta athbhreithnithe nó ráiteas tionchair Natura athbhreithnithe nó an dá ráiteas sin, de réir mar a bheidh," a chur in ionad "ráiteas tionchair timpeallachta athbhreithnithe", agus

(ii) trí "den ráiteas tionchair timpeallachta athbhreithnithe nó de ráiteas tionchair Natura athbhreithnithe nó den dá ráiteas sin, de réir mar a bheidh," a chur in ionad "den ráiteas tionchair timpeallachta".

Leasú ar an Seachtú Sceideal a ghabhann le hAcht 2000.

41.—Leasaítear an Seachtú Sceideal a ghabhann le hAcht 2000 (a cuireadh isteach le halt 5 d'Acht 2006) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír 4 (a cuireadh isteach le halt 78 d'Acht 2010):

"*Bonneagar Sláinte*

4. Forbairt arb éard í an méid seo a leanas:

Saoráid cúraim sláinte (seachas forbairt arb ann di go príomha chun seirbhísí cúraim a sholáthar (de réir bhrí alt 3 den Acht fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais, 2009)) a dhéanfaidh, cibé acu a bheartaítear nó nach mbeartaítear go mbeidh an tsaoráid ina cuid de shaoráid cúraim sláinte eile, seirbhísí d'othair chónaithe a sholáthar agus a mbeidh ar a laghad 100 leaba aici chun soláthar amhlaidh.".

Aisghairm

42.—Aisghairtear ailt 5, 35, 36, 43, 47, 48, 52, 60, 61, 63, míreanna (*b*), (*c*) agus (*d*) d'alt 65 agus alt 69 d'Acht 2010.

CUID 6

Ilghnéitheach

Leasú ar an Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997.

43.—Leasaítear an Tríú Sceideal a ghabhann leis an Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997, i ndeireadh Chuid I—

(*a*) i gcolún (1), trí "Uimh. 6 de 1987" a chur isteach,

(*b*) i gcolún (2), os coinne lua Uimh. 6 de 1987 i gcolún (1), trí "An tAcht um Thruailliú Aeir, 1987" a chur isteach, agus

(*c*) i gcolún (3), os coinne lua an Achta um Thruailliú Aeir, 1987 i gcolún (2), trí "alt 16(4)" a chur isteach.

Leasú ar an Acht Rialtais Áitiúil, 1998.

44.—Leasaítear alt 6 den Acht Rialtais Áitiúil, 1998—

(*a*) i bhfo-alt (2A), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (*a*):

"(*a*) i leith bóithre poiblí (de réir bhrí Acht 1993) agus bonneagair iompair phoiblí,",

agus

(*b*) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (8):

"(9) San alt seo—

ciallaíonn 'Acht 1993' Acht na mBóithre, 1993;

ciallaíonn 'Acht 2001' an tAcht Iompair (Bonneagar Iarnróid), 2001;

ciallaíonn 'bus' feithicil inneallghluaiste atá ceaptha le haghaidh taistil de bhóthar agus ina bhfuil cóiríocht suite do níos mó ná 9 nduine (lena n-áirítear an tiománaí);

tá le 'busbhealach' an bhrí a shanntar dó le halt 44(1) d'Acht 1993;

tá le 'rotharbhealach' an bhrí a shanntar dó le halt 68(1) d'Acht 1993;

ciallaíonn 'saoráidí idirmhalartaithe' bonneagar nó áitreabh lena ndéantar éascaíocht d'úsáideoirí iompair a úsáideann modhanna éagsúla iompair, lena n-áirítear saoráidí loctha agus marcaíochta agus saoráidí lena ligtear do thacsaithe, do rothair, do ghluaisrothair, do bhusanna, do thraenacha agus do ghluaisteáin a stad, a locadh nó a chur ina seasamh, d'fhonn éascaíocht a dhéanamh d'úsáideoirí modha iompair amháin a bheidh ag aistriú go modh eile, ach gan a bheith teoranta do na saoráidí sin;

ciallaíonn 'iarnród éadrom' iarnród a ainmnítear mar iarnród éadrom in ordú iarnróid arna dhéanamh faoi Acht 2001;

ciallaíonn 'meitreo' iarnród a ainmnítear mar mheitreo in ordú iarnróid arna dhéanamh faoi Acht 2001;

ciallaíonn 'seirbhísí iompair phoiblí do phaisinéirí' seirbhís iarnróid do phaisinéirí nó seirbhís bus phoiblí;

ciallaíonn 'bonneagar iompair phoiblí' bonneagar arna fhoirgniú nó arna sholáthar, nó a bheartaítear a fhoirgniú nó a sholáthar i dtaca le seirbhísí iompair phoiblí do phaisinéirí a sholáthar, lena úsáid ag bonneagar iarnróid, bonneagar iarnróid meitreo, bonneagar iarnróid éadroim, rothra, busanna, busbhealaí, garáistí bus, rotharbhealaí, saoráidí do rothair agus do choisithe, nó saoráidí idirmhalartaithe, ar bonneagar é a mbeidh na nithe sin san áireamh ann ach nach mbeidh sé teoranta dóibh;

tá le 'bonneagar iarnróid' an bhrí a shanntar dó le hAcht 2001.".

Leasú ar alt 70 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992.

45.—Leasaítear alt 70 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992 i mír (*a*) trí "ceathrú" a chur in ionad "cúigiú".

Aisghairm.

46.—Aisghairtear alt 62 d'Acht 1996.

Cosaint agus forálacha idirthréimhseacha.

47.—(1) Ní oibreoidh aisghairm fho-ailt (7) agus (8) d'alt 72 d'Acht 1996, faoi *alt 12(c)*, chun difear a dhéanamh do na nithe seo a leanas—

(*a*) rialacháin faoi alt 72 d'Acht 1996 a bheidh i bhfeidhm díreach roimh thosach feidhme na haisghairme sin, nó

(*b*) méid an tobhaigh arna shonrú, de bhun alt 72(3) d'Acht 1996, sna rialacháin sin, is méid—

(i) is infheidhme díreach roimh thosach feidhme na haisghairme sin, agus

(ii) dá bhforáiltear i rialacháin faoin alt sin arna ndéanamh tar éis theacht i ngníomh an Ordaithe um Bainistiú Dramhaíola (Tobhach Comhshaoil) (Mála Plaisteach), 2007 (I.R. Uimh. 62 de 2007).

(2) Ní oibreoidh aisghairm fho-alt (9) d'alt 73 d'Acht 1996, faoi *alt 13(d)*, chun difear a dhéanamh do na nithe seo a leanas—

(*a*) rialacháin faoi fho-alt (1) d'alt 73 d'Acht 1996 a bheidh i bhfeidhm díreach roimh thosach feidhme na haisghairme sin, nó

(*b*) méid an tobhaigh arna shonrú, de bhun fho-alt (3) d'alt 73 d'Acht 1996, sna rialacháin sin, is méid—

(i) is infheidhme díreach roimh thosach feidhme na haisghairme sin, agus

(ii) dá bhforáiltear i rialacháin faoin alt sin arna ndéanamh tar éis theacht i ngníomh an Ordaithe um Bainistiú Dramhaíola (Tobhach Líonta Talún), 2010 (I.R. Uimh. 13 de 2010).

Logainmneacha

48.—Leasaítear an tAcht Rialtais Áitiúil, 2001 tríd an gCuid seo a leanas a chur in ionad Chuid 18:

"CUID 18

LOGAINMNEACHA

Léiriú.

188.—Sa Chuid seo—

ciallaíonn 'limistéar feidhme'—

(*a*) maidir le comhairle cathrach, an chathair,

(*b*) maidir le comhairle contae, an contae gan aon bhaile lena mbaineann mír (*c*) a áireamh,

(*c*) maidir le comhairle baile, an baile;

ciallaíonn 'líomatáiste' cuid (seachas baile, baile fearainn, baile neamhbhardasach nó sráid) de chontae, de chathair nó de bhaile a ndéantar go coitianta ainm (seachas ainm an chontae, na cathrach nó an bhaile lena mbaineann) a úsáid ina leith;

ciallaíonn 'baile neamhbhardasach' áit (seachas cathair nó baile) a ainmnítear mar bhaile i dtuarascáil an daonáirimh is deireanaí a d'fhoilsigh an Phríomh-Oifig Staidrimh agus ina

leagtar amach toradh deiridh dhaonáireamh an Stáit (cibé acu is é sin an daonáireamh is deireanaí den sórt sin nó nach ea);

folaíonn 'logainm' ainm contae, cathrach, baile, baile neamhbhardasaigh, sráidbhaile, barúntachta, paróiste, baile fearainn, sráide nó líomatáiste, nó ainm aon ghné (nádúrtha nó saorga), dúiche, réigiúin nó áite, mar a thuairiscítear ar léarscáil arna táirgeadh ag Suirbhéireacht Ordanáis Éireann;

ciallaíonn 'toghthóir cáilithe' duine atá, i ndáil le háit (lena n-áirítear sráid) lena mbaineann logainm, cláraithe mar thoghthóir rialtais áitiúil i gclár na dtoghthóirí atá i bhfeidhm de thuras na huaire;

folaíonn 'sráid'—

(*a*) cuid de shráid, agus

(*b*) bóthar, cearnóg, lána nó aon áit phoiblí eile nó cuid den chéanna.

Logainm a athrú.

189.—(1) Féadfaidh údarás áitiúil, i ndáil le háit atá suite ina limistéar feidhme, le rún arna rith ag líon nach lú ná a leath de na comhaltaí a bheidh arna dtoghadh nó arna gcomhthoghadh de thuras na huaire chun an údaráis áitiúil sin togra a ghlacadh chun logainm nua (dá ngairtear an 'logainm nua beartaithe' san alt seo) a chur in ionad an logainm atá ann an tráth sin i leith na háite sin.

(2) Déanfar teorainn na háite lena mbaineann togra arna ghlacadh faoi fho-alt (1) a thuairisciú sa togra sin cibé acu faoi réir léarscáile nó ar shlí eile.

(3) Sonrófar i dtogra arna ghlacadh faoi fho-alt (1) an logainm nua beartaithe i nGaeilge amháin nó i nGaeilge agus i mBéarla.

(4) I gcás go nglacfaidh údarás áitiúil togra faoi fho-alt (1), déanfaidh sé—

(*a*) fógra a thabhairt do cibé daoine, nó do cibé daoine de cibé aicme duine, a fhorordófar le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire, á rá gur glacadh an togra, agus

(*b*) fógra poiblí a fhoilsiú faoin togra ina n-iarrfar ar dhaoine den phobal aighneachtaí i scríbhinn a dhéanamh i ndáil leis an togra tráth nach déanaí ná 2 mhí ón dáta a fhoilsítear an fógra.

(5) Aon duine a gheobhaidh fógra faoi mhír (*a*) d'fho-alt (4), beidh sé nó sí i dteideal aighneachtaí i scríbhinn a dhéanamh chuig an údarás áitiúil a

thug an fógra i ndáil leis an togra lena mbaineann tráth nach déanaí ná 2 mhí ó dháta an fhógra.

(6) Breithneoidh údarás áitiúil aon aighneachtaí a gheobhaidh sé de réir fógra faoi mhír (*a*) d'fho-alt (4) nó de réir fógra faoi mhír (*b*) den fho-alt sin.

(7) Tar éis aon aighneachtaí dá dtagraítear i bhfo-alt (6) a bhreithniú, féadfaidh údarás áitiúil, le rún arna rith ag líon nach lú ná a leath de na comhaltaí a bheidh arna dtoghadh nó arna gcomhthoghadh de thuras na huaire chun an údaráis áitiúil sin, breith a thabhairt—

(*a*) ballóid a thógáil de na toghthóirí cáilithe atá cláraithe san áit lena mbaineann an logainm nua beartaithe maidir leis an logainm nua beartaithe nó maidir le cibé malairt ar an logainm nua beartaithe is cuí leis, nó

(*b*) gan dul ar aghaidh leis an togra chun logainm na háite lena mbaineann a athrú.

(8) Is faoi rún a bheidh ballóid lena mbaineann fo-alt (7) agus seolfar í de réir rialachán arna ndéanamh ag an Aire.

(9) (*a*) Faoi réir fho-alt (3) d'alt 192, más rud é go mbeidh tromlach na vótaí a chaithfear i mballóid a sheolfar de bhun breithe faoi fho-alt (7) i bhfabhar an logainm nua bheartaithe lena mbaineann, déanfaidh Cathaoirleach an údaráis áitiúil lena mbaineann dearbhú á rá go dtiocfaidh an logainm nua beartaithe sin chun bheith, agus go mbeidh sé, ó cibé dáta (arna chinneadh de réir mhír (*b*)) a bheidh sonraithe sa dearbhú, ina logainm i leith na háite lena mbaineann.

(*b*) I gcás go ndéanfaidh Cathaoirleach údaráis áitiúil dearbhú faoin bhfo-alt seo, maidir leis an logainm a bheidh sonraithe sa dearbhú—

(i) má dhéantar an dearbhú tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh an 1ú lá d'Eanáir díreach tar éis an dearbhaithe, tiocfaidh sé chun bheith agus beidh sé ina logainm i leith na háite lena mbaineann ón 1ú lá sin d'Eanáir, nó

(ii) in aon chás eile, tiocfaidh sé chun bheith agus beidh sé ina logainm i leith na háite lena mbaineann ó thráth chothrom bliana an 1ú lá sin d'Eanáir.

(*c*) Déanfar gach dearbhú faoin bhfo-alt seo a fhoilsiú ar cibé modh a fhorordófar le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire agus tabharfar fógra i scríbhinn faoi do cibé daoine, nó do dhaoine de cibé aicme duine, a fhorordófar amhlaidh.

(*d*) Déanfar gach dearbhú faoin bhfo-alt seo a fhoilsiú san Iris Oifigiúil, a luaithe is féidir tar éis a dhéanta.

(10) Ní bheidh feidhm ag an alt seo maidir leis an mbaile fearainn, paróiste sibhialta, baile neamhbhardasach ná toghroinn dá dtagraítear in alt 191.

Logainm áite atá suite i níos mó ná aon limistéar údaráis áitiúil amháin a athrú.

190.—(1) (*a*) Féadfaidh údarás áitiúil, i ndáil le háit atá suite—

(i) ina limistéar feidhme, agus

(ii) i limistéar feidhme údaráis áitiúil eile nó i limistéir feidhme údarás áitiúil eile,

le rún arna rith ag líon nach lú ná a leath de na comhaltaí a bheidh arna dtoghadh nó arna gcomhthoghadh de thuras na huaire chun an údaráis áitiúil chéadluaite, a bheartú logainm nua (dá ngairtear an 'logainm nua beartaithe' san alt seo) a chur in ionad an logainm atá ann an tráth sin i leith na háite sin.

(*b*) Beidh togra dá dtagraítear i mír (*a*) arna ghlacadh ag an gcéad údarás áitiúil a luaitear sa mhír sin ar rún lena dtoilítear le glacadh an togra a bheith rite, de réir mhír (*c*), ag gach údarás áitiúil eile a bhfuil cuid den áit lena mbaineann suite freisin laistigh dá limistéar feidhme.

(*c*) Is líon nach lú ná a leath de na comhaltaí a bheidh arna dtoghadh nó arna gcomhthoghadh de thuras na huaire chun an údaráis áitiúil lena mbaineann a rithfidh rún dá dtagraítear i mír (*b*).

(2) Déanfar teorainn na háite lena mbaineann togra arna ghlacadh faoi fho-alt (1) a thuairisciú sa togra sin cibé acu faoi réir léarscáile nó ar shlí eile.

(3) Sonrófar i dtogra arna ghlacadh faoi fho-alt (1) an logainm nua beartaithe i nGaeilge amháin nó i nGaeilge agus i mBéarla.

(4) I gcás go mbeidh togra arna ghlacadh faoi fho-alt (1), déanfaidh gach údarás áitiúil, i leith an chuid sin den áit atá suite ina limistéar feidhme—

(*a*) fógra a thabhairt do cibé daoine, nó do dhaoine de cibé aicme duine, a fhorordófar le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire, á rá gur glacadh an togra, agus

(*b*) fógra poiblí a fhoilsiú faoin togra ina n-iarrfar ar dhaoine den phobal aighneachtaí a dhéanamh i scríbhinn maidir leis an togra tráth nach déanaí ná 2 mhí ón dáta a fhoilsítear an fógra.

(5) Aon duine a gheobhaidh fógra faoi mhír (*a*) d'fho-alt (4), beidh sé nó sí i dteideal aighneachtaí a dhéanamh i scríbhinn chuig an údarás áitiúil a thug an fógra i ndáil leis an togra lena mbaineann tráth nach déanaí ná 2 mhí ó dháta an fhógra.

(6) Breithneoidh údarás áitiúil aon aighneachtaí a gheobhaidh sé de réir fógra faoi mhír (*a*) d'fho-alt (4) nó de réir fógra faoi mhír (*b*) den fho-alt sin.

(7) Tar éis aon aighneachtaí dá dtagraítear i bhfo-alt (6) a bhreithniú, féadfaidh gach údarás áitiúil lena mbaineann, le rún arna rith ag líon nach lú ná a leath de na comhaltaí a bheidh arna dtoghadh nó arna gcomhthoghadh de thuras na huaire chun an údaráis áitiúil sin, breith a thabhairt—

(*a*) ballóid a thógáil de na toghthóirí cáilithe atá cláraithe san áit lena mbaineann an logainm nua beartaithe maidir leis an logainm nua beartaithe nó maidir le cibé malairt ar an logainm nua beartaithe is cuí leis na húdaráis áitiúla lena mbaineann, nó

(*b*) gan dul ar aghaidh leis an togra chun logainm na háite lena mbaineann a athrú.

(8) Is faoi rún a bheidh ballóid lena mbaineann fo-alt (7) agus seolfar í de réir rialachán arna ndéanamh ag an Aire.

(9) (*a*) Faoi réir fho-alt (3) d'alt 192, más rud é go mbeidh tromlach na vótaí a chaitear i mballóid arna seoladh de bhun breithe faoi fho-alt (7) i bhfabhar an logainm nua bheartaithe lena mbaineann, dearbhóidh Cathaoirligh na n-údarás áitiúil lena mbaineann i gcomhpháirt go dtiocfaidh an logainm nua beartaithe sin chun bheith, agus go mbeidh sé, ó cibé dáta (arna chinneadh de réir mhír (*b*)) a bheidh sonraithe sa dearbhú, ina logainm i leith na háite lena mbaineann.

(*b*) I gcás go ndéanann Cathaoirligh na n-údarás áitiúil lena mbaineann dearbhú faoin bhfo-alt seo, maidir leis an logainm a bheidh sonraithe sa dearbhú—

(i) má dhéantar an dearbhú tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh an 1ú lá d'Eanáir díreach tar éis an dearbhaithe, tiocfaidh sé chun bheith agus beidh sé ina logainm i leith na háite lena mbaineann ón 1ú lá sin d'Eanáir, nó

(ii) in aon chás eile, tiocfaidh sé chun bheith agus beidh sé ina logainm i leith na háite lena mbaineann ó thráth chothrom bliana an 1ú lá sin d'Eanáir.

(*c*) Déanfar gach dearbhú faoin bhfo-alt seo a fhoilsiú ar cibé modh a fhorordófar le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire agus tabharfar fógra i scríbhinn faoi do cibé daoine, nó do dhaoine de cibé aicme duine, a fhorordófar amhlaidh.

(*d*) Foilseofar gach dearbhú faoin bhfo-alt seo san Iris Oifigiúil a luaithe is féidir tar éis a dhéanta.

Daingean Uí Chúis.

191.—(1) An baile fearainn, an paróiste sibhialta, an toghroinn agus an baile neamhbhardasach, a ndéantaí (de bhun Ordú 2004) An Daingean a thabhairt air nó uirthi díreach roimh thosach feidhme an ailt seo, tabharfar, ón tosach feidhme sin, Daingean Uí Chúis, sa Ghaeilge, agus Dingle, sa Bhéarla, air nó uirthi.

(2) Leasaítear Ordú 2004 trí na nithe seo a leanas a scriosadh—

(*a*) an téacs i gcolúin (1) agus (2) de Chaibidil 1 de Roinn A de Chuid 4 ag uimhir thagartha 171,

(*b*) an téacs i gcolúin (1) agus (2) de Chaibidil 2 de Roinn A de Chuid 4 ag uimhir thagartha 4, agus

(*c*) an téacs i gcolúin (1) agus (2) de Chaibidil 4 de Roinn A de Chuid 4 ag uimhir thagartha 11.

(3) San alt seo, ciallaíonn 'Ordú 2004' an tOrdú Logainmneacha (Ceantair Ghaeltachta), 2004 (I.R. Uimh. 872 de 2004).

Forálacha ginearálta a bhaineann le hainmneacha a athrú.

192.—(1) Is feidhm fhorchoimeádta í aighneachtaí a gheofar faoin gCuid seo a bhreithniú.

(2) Tabharfaidh údarás áitiúil aird, le linn togra a ghlacadh faoi alt 189 nó 190, ar thraidisiúin áitiúla.

(3) (*a*) Más rud é go mbeidh tromlach na vótaí a chaitear i mballóid arna seoladh de bhun breithe faoi fho-alt (7) d'alt 189 nó faoi fho-alt (7) d'alt 190, i ndáil le háit i limistéar Gaeltachta, i bhfabhar an logainm nua bheartaithe lena mbaineann, déanfaidh an tAire Gnóthaí Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta ordú lena ndearbhaítear go dtiocfaidh an logainm nua beartaithe sin chun bheith, agus go mbeidh sé, ó cibé dáta (arna chinneadh de réir mhír (*b*)) a bheidh sonraithe san ordú, ina logainm i leith na háite lena mbaineann.

(*b*) I gcás go ndéanann an tAire Gnóthaí Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta ordú faoin bhfo-alt seo, maidir leis an logainm lena mbaineann an dearbhú san ordú—

(i) má dhéantar an t-ordú tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh an 1ú lá d'Eanáir díreach tar éis an ordaithe, tiocfaidh sé chun bheith ina logainm ar an áit lena mbaineann agus is logainm na háite lena mbaineann é ón 1ú lá sin d'Eanáir, nó

(ii) in aon chás eile, tiocfaidh sé chun bheith ina logainm ar an áit lena mbaineann agus is logainm na háite lena mbaineann é ó thráth chothrom bliana an 1ú lá sin d'Eanáir.

(*c*) Gach ordú a dhéantar faoin bhfo-alt seo, leagfar faoi bhráid gach Tí den Oireachtas é a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an t-ordú a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an ordaithe, beidh an t-ordú ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin ordú.

(4) I gcás go ndéanann an tAire Gnóthaí Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta ordú faoi fho-alt (3), maidir le haon fhoráil d'ordú arna dhéanamh faoi alt 32 d'Acht na dTeangacha

Oifigiúla, 2003 atá i bhfeidhm díreach roimh an t-ordú céadluaite a dhéanamh, beidh sí arna cúlghairm a mhéid amháin atá sí ar neamhréir leis an ordú céadluaite.

(5) (*a*) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh chun críocha na Coda seo.

(*b*) Gan dochar do ghinearáltacht mhír (*a*), féadfar foráil a dhéanamh le rialacháin faoin mír sin i ndáil leis na costais a íoc a thabhóidh údaráis áitiúla le linn a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh faoi alt 190 nó de dhroim logainm a chur in ionad logainm eile faoin alt sin.

(6) San alt seo, tá le 'limistéar Gaeltachta' an bhrí chéanna atá leis in Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.

Ainm sráide nó áite a thaispeáint.

193.—Féadfaidh údarás áitiúil a chur faoi deara ainm sráide nó áite eile a thaispeáint ar chuid fheiceálach d'aon fhoirgneamh, déanmhas nó talamh atá suite ar an tsráid sin nó san áit sin.

Forléiriú tagairtí.

194.—(1) I gcás go ndéantar dearbhú faoi alt 189 nó 190 maidir le háit—

(*a*) déanfar tagairtí in aon achtachán, ionstraim nó doiciméad eile do logainm na háite sin is infheidhme díreach roimh an dáta a shonraítear sa dearbhú de réir fho-alt (9) d'alt 189 nó de réir fho-alt (9) d'alt 190, de réir mar a bheidh, a fhorléiriú ón dáta sin mar thagairtí don logainm a shonraítear sa dearbhú sin, agus

(*b*) déanfar tagairtí in aon imeachtaí (sibhialta nó coiriúil) atá ar feitheamh díreach roimh an dáta sin don chéad logainm a luaitear i mír (*a*) a fhorléiriú, ón dáta sin, mar thagairtí don dara logainm a luaitear sa mhír sin.

(2) I gcás go ndéantar ordú faoi alt 192 i leith áite—

(*a*) déanfar tagairtí in aon achtachán, ionstraim nó doiciméad eile do logainm na háite sin is infheidhme díreach roimh an dáta a shonraítear san ordú de réir fho-alt (3) den alt sin a fhorléiriú, ón dáta sin, mar thagairtí don logainm a shonraítear san ordú sin, agus

(*b*) déanfar tagairtí in aon imeachtaí (sibhialta nó coiriúil) atá ar feitheamh díreach roimh an dáta sin don chéad logainm a luaitear i mír (*a*) a fhorléiriú,

ón dáta sin, mar thagairtí don dara logainm a luaitear sa mhír sin.

(3) (*a*) Déanfar tagairtí in aon achtachán, ionstraim nó doiciméad eile don Daingean, a fhorléiriú, ó thosach feidhme alt 191, mar thagairtí do Dhaingean Uí Chúis.

(*b*) Déanfar tagairtí in aon imeachtaí (sibhialta nó coiriúil) atá ar feitheamh díreach roimh thosach feidhme alt 191 don Daingean a fhorléiriú, ón tosach feidhme sin, mar thagairtí do Dhaingean Uí Chúis.".

Leasú ar alt 32 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.

49.—Leasaítear alt 32 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

"(2) Ní dhéanfaidh an tAire ordú faoin alt seo i leith áite lena mbaineann ordú faoi fho-alt (3) d'alt 192 (a cuireadh isteach le *halt 48* den *Acht Comhshaoil (Forálacha Ilghnéitheacha)*, *2011)* den Acht Rialtais Áitiúil, 2001.".